

---

# Coláiste na Mumhan 1904-2004

## Comóradh an chéid



*Coláiste na Mumhan Anois*

Céad bliain ag fás, céad bliain Faoi óhláth

---



# An Comhaltas

Tadhg Ó Géalbháin  
Rúnaí

Seán Ó Croinín R

tróid Ó h-Ealaithe  
Donnchadh Ó Luasá  
(Cartaoirleach)

Seán Ó Coileáin

Conchur Ó Murchú  
(Cisteoir)

## Clár:

## Coláiste Múinteoireachta na

|                                                      |    |
|------------------------------------------------------|----|
| Mumhan-cúlra stairiúil.....                          | 1  |
| Cuimhní Chinn.....                                   | 5  |
| An Coláiste mar a Chonac-sa é ....                   | 6  |
| Ag Mahnamh dom .....                                 | 13 |
| Séan Ó Cróinín.....                                  | 15 |
| Cuimhní cinn 6 Bhéal Átha an                         |    |
| Ghaorthaidh agus 6 Choláiste                         |    |
| na Mumhan.....                                       | 16 |
| Trí Shúilibh Luichín Tuaithe .....                   | 18 |
| An "Dub" in Iarthar Chorcaí .....                    | 20 |
| Séamus 6 Seaghdha 1908-1973 .....                    | 22 |
| Cead Bliain ag Fás .....                             | 24 |
| Laoch Teangan ar lár .....                           | 27 |
| Mar ar chuaigh an Coláiste i bhfeidhm ar dúine óg de |    |
| mhuintir na h-áite .....                             | 29 |
| Iubhaile Órga Choláiste na                           |    |
| Mumhan 1954 .....                                    | 30 |

## Coláiste Múinteoireachta na Mumhan-cúlra stairiúil.

le Máiréad Ní Mhurchú

Ag deireadh na naod aoise déag bhí modhanna múinte teangacha nua-aoiseacha in úsáid ar fud na Mór Roinne. B'iad "an mhodh Berlitz agus an mhodh Gouin". Baineadh triail as an gcleas seo chun teangacha iasachta ar nós Fraincise agus Gearmáinise a mdineadh i scoileanna i Sasana chomh maith. Thapaigh lucht Chonradh na Gaeilge an deis chun leas a bhaint as na modhanna teangacha nua-aoiseacha seo chun Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn in Éirinn.

Pltadh an sctal go hoscailte i measc lucht an Chonratha i Londain i dtús baire agus bhí díospóireacht faoin scéal ar an gClaidheamh Soluis. Ní modhanna mdinte amháin a bhí ag déanamh inní don Chonradh ach easpa múinteoirí cáilithe. Bhí géar ghá le teagascoin oilte. Ní raibh leigheas ar an scéal ach coláiste muinteoireachta a bhunú. "Bheartaíodar coláiste a chur ar bun chun cainteoirí Geilge a ullmhú i gcóir mdineadh na teanga"<sup>2</sup>. Gheall rúnaf an Chonratha Liam P O Riain go ndéanfaidh s t infheistíocht ar an gcoláiste.


Deineadh an sctal a chíoradh ag comhdháil bhliainiúil an Chonradh a bhí ar siúl sna seomraí cruinnithe i gCorcaigh ar an seú lá is fiche de Lunasa 1903 le linn Feis na Mumhan. Glacadh le rún 6 Shán 6 Cuiv ag an bhFeis agus aontaíodh go gcuirfí colaiste ar bun. Mheas craobh Dhún Mánmhaí gur cheart an coláiste a lonnú sa Ghuagin. Ach ní sa Ghuagán a lonnáfadh an coláiste de bharr easpa lóistín ach i mBéal Átha'n Ghaorthaidh. Toghadh Comhaltas mar s w a leanas ag comhdháil na Feise:

Cathaoirleach: **An tAthair Pádraig Ó Muirthile**,  
Leasathaoirleach: **Pádraig Ó Séaghdha O.S.**,  
Cisteoir: **Mícheál Ó Murchu**,  
Runaf: **Liam de Róiste**.

Bhí na daoine seo a leanas mar bhaill den chéad choiste freisin: **An tAthair Augústín, O.S.F.C.** An tAthair Donnchadh O Drisceoil, An tAthair Seán O Conaill, Shin Ó Cdiv, Tadhg Ó Scannail O.S. "Ina dteannta chomh maith bhí Ardeaspag Chaisil agus Easpaig uile na Mumhan mar phatrúin ar an gcoláiste 6 1905 amach"<sup>3</sup>.


Thárla an chéad chruinniú

Na h-Ollaimh Lughnasa 1912



<sup>1</sup> Munster college of Irish Ballingearry—its foundation and growth. Liam de Róiste.

<sup>2</sup> Athbheochan na Gaeilge. Donnchadh Ó Suilleabháin.



Radharc ar an braid-bhaile a n Séipeal agus an tsean-coláiste



Scoil na gcailíní agus tig bean Uí Luasaigh Coláiste na Mumhan anois.

*oibre gan a leath oiread dua á leanúint.....*

Ma chuireann an **coláiste** an bhliain seo, an chead bhliain, de go **maith** nibheidh baol air. Go **n-éirí le** Fearghus is leis an **dochtúir ó Dálaigh**. Deanfaidh siad a gcionn **féin** ar aon **chuma**, agus feicfear toradh a saothar **ar fud na hÉireann**<sup>3</sup>.

Bé an tAthair Pádraig 6 Muirthille a chuir an t-áras ar fáil. Sean Scoil na mBuachaillí a bhí suite le **hais** an tséipéil a bhi mar ionad ag an gcoláiste. "Do chuireadh deich dtroigh sa bhreis-leis an scoil agus do chuireadh slinn nua ar an scoil go léir"<sup>4</sup>. Ba mhór an cabhair é ag an am go raibh an t-Uasal Tadhg 6 Scannail O.S ar an láthair chnn gach ní a chur ina cheart. Ni raibh "An Craoibhin Aoibhinn" in ann bheith i láthair lá na hoscailte ach sheol sé teachtaireacht chuig na scoile chun a leithscéal a ghabháil:

*"Is oth go mór liom gur éigean dom bheith la'ithreach ar chomhthionbl eile la' bhur gcruinnithe agus ná tiocfaidh liom bheith i bhur bhfochair, faoi mar dob áil liom, le haghaidh tionscnamh Chola'iste na Mumhan a bheidh ina thúr sonais is cónaigh don dúthaigh go léir. An méid seo atá deanta agaibh i mBéal Átha'n Ghaorthaidh ar bhur ngustal féin is é an rud is Lijeachtaí é dá ndearnadh fós san obair seo don Ghaeilge"*<sup>5</sup>.

Nuair a osclaíodh an coláiste ar an gceathrú 18 de mhí Iúil 1904 ba mhór iad na Gaeilgeoirí aitheanta a bhi ar fhoireann teagaisc an Choláiste. Bhí Diarmaid Ó Foghludha an duine a scríobh "Go Mairidh ár nGaeilge Slán" mar Ard-Ollamh agus freisin i mbun modhanna múinte bhi an saineolaí teanga an tAthair Risteard O Dálaigh ina Ollamh le foghraíocht. Astrálach de bhunadh Éireannach ba ea é is bhi ar a laghad sé

den chomhaltas ar an gceathrú lá d'Aibreán i nGrianán na nGaedheal i Sráid Phádraig i gCorcaigh. Bhi cursai airgid gann ag an am. Chuir an cisteoir Mícheál 6 Murchú an ghéarchéim in iúl don chomhaltas. Lorgaíodh deontaisi is fuarthas amhlaidh 6 cheann ceann na tire. Bhí Rodger Casement i measc na síntiúsóirí agus lean sé den nós sin gach uile bhliain go dti gur lámhachadh 6. Tharla an dara cruinniú den chomhaltas i mBéal Átha'n Ghaorthaidh, is do sheol an tAthair Augustín an chéad clár léinn i gcomhar leis na hollúna Diarmuid Ó Foghludha Ard-Ollamh agus an tAthair Risteard O Dálaigh Ollamh le fogharaíocht agus le Pádraig 6 Séaghdha. Scríobhadh alt i nGaeilge sa Claidheamh Soluis ar an gceathrú lá de Mheitheamh 1904 faoin teideal Béal Átha'n Ghaorthaidh Bit a thagair an tEagarthóir, Pádraig Mac Piarais do Bhéal Átha'n Ghaorthaidh agus an méid oibre a bhí déanta ag lucht riartha an Choláiste:

*"Ba mhaith linn go rachadh na sluaite ag triall ar an scoil seo, is táimid deimhnitheach de go mbeidh mbran ann. Ach ní he' siúd an fáth gur cuireadh an scoil ar bun. Scoil i gcomhair múinteoirí is ea í. Go deimhin, ba mhithid scoil éigin dá saghas a bheith againn.. Ta muinteoin' Gaeilge againn faoi láthair ina lán áiteanna agus dá bhfaighidís Éire air, ní fhéadfaidís maithe a dhéanamh, toisc gan slí oiriúnach múinteoireachta a bheith acu. Ní foláir sli muinteoireachta a mhúineadh do na muinteoin' ar dtúis. Ansin dhéanfa a dhá oiread*

<sup>3</sup> Athbheochan na Gaeilge. Donnchadh Ó Suilleabháin

<sup>4</sup> An Claidheamh Soluis 1904. Pádraig Mac Piarais.

<sup>5</sup> Béal Átha'n Ghaorthaidh. Donnchadh Ó Donnchadh.



Pictiúr de rang os comhair an tsean-choláiste.

theanga ar eolas aige. Bhi an Dálach gníomhach roimhe sin ag riaradh scoil samhraidh sa Ghuagán. "Is ar na léachtaí a thug s t an t-am sin, ní foláir a bhunaigh sé a dhá leabhar leis *The Sounds of the Irish language in Theory and Practice (1905)* agus *The Science of Phonetics (1908)*"<sup>7</sup>. Tharla go raibh dhá sheisidn an samhradh sin i gColáiste na Mumhan ceann amháin i mí Iúil agus ceann eile ar siúl i mí Lunasa is deineadh freastal ar dhá shaghas scoláire, ábhar múinteoirí agus tosaitheoirí.

D'fhreastal tuairim is seasca mac léinn ar an gcoláiste an bhliain sin. Gach bliain as sin amach go ceann roinnt blianta reachtáladh dhá sheisidn agus gach bliain mhéadaigh líon na mic léinn. O oscalfodh dóirse Coláiste na Mumhan i mí Iúil 1904 mhéadaigh clu agus cáil an cheantair mar ionad oideachais, léinn agus Gaeilge 6 shin i leith. "Sa bhliain 1905 d'fhreastal 101 mac léinn, 124 mac léinn i 1906, 171 mac léinn i 1907, 222 mac léinn i 1908, 252 mac léinn i 1909 agus 266 mac léinn i 1910"<sup>8</sup>.

Bhain cuid de na scoláirí clú agus cáil amach níos déanaí, ina measc bhi Tomás Mac Donnchadha ceannaire Óglaigh na hÉireann agus gníomhaí 1916. Tomás Mac Curtain Ard Mhéara Chorcaí a maraíodh sa bhliain 1920. Gan dabht bhi ainmneacha móra eile le rá ar an rolla freisin, ina measc bhi Brian Ó hUigín file agus scríbhneoir agus Padraig Ua Siochradha "An Seabhach" scríbhneoir.

Ba nós é ag lucht riartha an choláiste cuireadh a thabhairt chuig áfonna speisialta teacht chuig an coláiste chun léachtaí a thabhairt, ina measc tháinig An tAthair Pádraig Ó Duinnín scríbhneoir an focloir Gaeilge /Béarla. D'fhear muintir na háite ffor chaoín fáilte roimh chách agus ba mhó cuairteoir cáiliúil a mhealladh chun na háite. Ina measc bhf Traolach Mac Suibhne, Risteard 6 Maolcatha agus Domhnall 6 Corcora.

Spreag an togra seo Gaeilgeoirí uile ar fud na tire agus bunaíodh Colaistí eile go tiubh



Na h-ollainmh agus na sagairt 1912

<sup>7</sup>Athbheochan na Gaeilge. Donncha 6 Súilleabháin.

<sup>8</sup>Conradh na Gaeilge i gCorcaigh 1894-1910. Traolach 6 Ríordáin

<sup>9</sup>Conradh na Gaeilge i gCorcaigh 1894-1910. Traolach Ó Ríordáin.

ina dhiaidh sin i gcontaethe ar nós Maigh Eo, Port Láirge, Ddn na nGall agus Ciarraí.

Ag Feis na Mumhan na bliana sin, a tionóladh i gCill Áirne tugadh lán tacaíochta don togra. Cuireadh in iúl tuairimí dearfacha na scoláirí a fhreastal ar Choláiste na Mumhan an samhradh roimhe sin agus athceapadh an Comhaltas.

Chuaigh an Coláiste 6 neart go neart ach ba leasc leis an gcomhaltas suí ar a sáimhín só agus sa bhliain 1908 chuaigh toscaireacht 6 Bhéal Átha'n Ghaorthaidh go dtí cruinnid i gCill Áirne agus lorgaíodh tuilleadh síntiúisí chun coláiste nua a thógáil. Fuarthas an t-airgead le cabhair an tAthair O Dálaigh is tógadh an foirgneamh ar thalamh Chonchubhair Uí Liatháin Drom an Ailigh. Sa bhliain 1914 críochnaíodh an foirgneamh agus d'oscail an tAthair Peadar O Laoghaire an t-ionad nua ar a nglaothar Halla an Chéilí air inniu.

Anois agus sinn ag druidim le comóradh an chéid nior cheart ddinn dearmad a dhadanamh ar na ceannródaithe gníomhacha a dhein gaisce agus Cacht na blianta fada 6 shin. Is mór againn a d'fhág siad le h-oidhreacht agus le huacht againn. Beannaim'd dóibh inniu agus molaimíd a bhfis agus a saothar. Go leanaf a gcáil i mbéalaibh na nglainte a thiocfaidh in ár ndiaidh.



*Tosach maith leat na h-oibre. An chead cursa riamh sa Ghúgán 1902. Aithníonn sibh an timpeallacht.*

*Bht rang leis ann fé mar a thuigim sa bhliain 1903 agus leanadh den obair i Halla an Choláiste i mBeal Átha An Ghaorthaidh sa bhliain 1904.*

*Tuigim gur tigh feirmeora a bhiag muintir Chróinín sa Ghuagán agus ceadúnas acu chun deoch a dhíol.*

## Guimhní chinn

Le Diarmaid Caomhanach

Ar a shon go bhfuil sé beagnach dachad bliain 6 shin, tá mo chuimhni ar Choláiste na Mumhan, ar cheann des na rudaí is taitneamhai a tharla riamh i mo shaol.

Thugas m'aghaidh ar an gColáiste le mo chol-ceathrar, Dónal Ó Laoghaire nuair a bhíomar sa Chéad Bhlian ar scoil. Toisg go raibh mo mháthair, Nóra Ní Laoghaire, 6 Bán an Aoil bhi sean aithne agam ar Bhéal Atha'n Ghaorthaidh agus ar Ghúgán, An Pas, Béal a' Ghleanna agus An Laoi.

Is mó pingin a chaitheas i Siopa Uí Chorcóra, síos tríd na blianta agus fhaid is a bhíodh m'athair, Toby, ag 61 taoscán i dTigh Seartan bhinn ag déanamh iontais des na boinn airgid go dtí ar an gcúntar agus is dócha, ag oibriú amach cé mhéad "Bulls Eyes" a fhéadfá a cheannach leo.

Ní hionadh, mar sin, gur luíomar isteach i saol an Choláiste gan dua. Bhí na ranganna go breá, bríomhar, suimiúil agus le Tom Long, an peileadóir cáiliúil 6 Chiarraí ár múineadh, bhíodh a lán cainte faoi cluichi agus sport, rud a thaitn linn go mór.

Dob iad na cluichi sa pháirc um thráthnóna an rud ba mhó ar fad dbinn-ne. Bhí "Babs" Keating 6 Thiobrad Árann ina scoláire ann an uair ud agus ba bhreá linn bheith ag faire air agus ag foghlaim uaidh. Tháinig feabhas an-mhór ar mo iomáint féin. Thugas faoin bpeil leis agus iontas na n-iontas, thftinig feabhas orm, chomh maith.

I measg na scoláirí mór le rá eile lem' linn-se, bhí Barry M'Gann, a bhí ag imirt d'Éirinn sa sacar, faoi 16 agus gan amhras, a d'imir d'fhoireann rugair na hÉireann dB éis sin. Chomh maith leis sin, bi Cogans agus Canleys a d'imir peil do Chorcaigh.

I rith an chdrsa, bhí cluiche peile idir Bheanntairi agus sráid a'


Mhuilinn, sa pháirc, tráthnóna Domhnaigh. Bhí an cluiche go hiontach agus bhí an slua ollmhór. Poimhe sin, cheapas nach raibh aon mhaith in aon chluiclie ach iomáint, (go háirithe ionáint Chill Chainnigh!), ach, i ndiaidh an chluiche sin, bhí meas úr-nua agam ar pheil, agus leanas t le fonn riamh 6 shin.

Is i gcoláiste na Mumhan, leis a thugamar fé ndeara don chéad uair go raibh créatúirí dár bh ainm dóibh "cailíní" sa tsaol agus go rabhadar go deas! Ach, an t-aon fhadhb, bhí sé deacair teacht suas leo.

Mar sin féin d'tirigh liom ma chéad phóg riamh a fháil roimh deireadh an Chdrsa 6 chailin, dár bh ainm Readhbh Ní Dhonnabháin, 6 Bhleá Cliath. Ní fheadar mar gheall ar Mheadhbh, ach thaitn sé liom-sa go mór.

Guim rath agus séan ar an gColáiste agus é ag ceil-iúradh an Chéid. Beirim míle buiochas libh as ucht an seans, chun saol agus saiocht na Gaeltachta a blaiseadh. Go gcuire Dia na Glóire gach rath agus ádh ar bhd n-iarrachtaí cróga, an Teanga agus an Cultúr a chur chun chinn. Gura fada buan sibh. Ní bheidh bhd leithéidí ann arís.

*P.S. Is féidir tuilleadh a léamh faoi iomáint i mo leabhar nua, "Kilkenny County Finals"!*



Séamus agus Tomás O Scríbhín agus Pat Mac Gearaí ag plé cursaí.

## An Coláiste mar a Chonac-sa é. Séan Ó hUiginn.

### Tús maith

Maidin bhreá shamhraidh, i ndeireadh Iúil na bliana 1963, is ea, a leagas cos, den chéad uair riamh, ar tháirsigh, iliomad dhóirsí Choláiste na Mumhan. Bhios lán de ghiodam na hóige agus a luaithe a fhéadfainn cur chun oibre, ab' fhearr. Bhi a lán smaointe agam conas an Ghaeilge a mhéineadh agus a cultúr a chur chun chinn. Stopas os comhair an ostáin, i mo Mhoms Mhinor glas, galánta, FIP 472. Ní raibh aon Gharda Onóra ná Cairpead Dearg le feiscint, ná aon aghaidh chairdiúil ar bith le haithint, ar a shon go raibh na sluaite thart timpeall, mar bhi suas le sé chéad dalta san am.

Ní raibh fhíos agam an uair úd, gan amhras, ach bhios chun filleadh ar ais go dtí an Coláiste ar feadh dachad blian i ndiadh bliana. D'athraigh déanamh an ghluasteaín agus d'éiríos níos moille ag teacht amach as. Méadaíodh ar fhoirgnimh nó "earraí chrua" an Choláiste ach, ait go leor laghdaíodh ar líon na ndaltai. Ní raibh aon Chairpead Dearg, ach oiread; nior ghá, bhi faiste croíúil, dáiríre romhainn, san oifigin beag. Tá an cófra stáin céanna sa chuinne fós, ag éirí rochach, bacach, cosúil linn féin. Ach, níos tabhachtaí, t i sé agus sinn agus an Coláiste ann go fóill. Gura fada buan iad go léir.

### An Bearbóir 6 Seville!

Mar sin féin d'éirigh liom mo bhealach a shní isteach chun na hOifige, mar bhi an uair úd agus mar a bhfuil go fóill. Bhíos ar ti ceist a chur faoi mo Rang agus faoi rudaí tabhachtacha eile, cosúil le, cá bhfaighinn mo dhinnéar, nuair a rug fathach uafásach mór ard greim láimhe orm. Bhi sé á bhearradh féin le rásúr leictreach agus, de réir deallraimh, ní raibh an t-inneal damanta ag déanamh an bhirt, i gceart, faoin a ghialla. Bhi an fásra féasóige ansúd ag dul i bhfolach agus ag huachaint ar an meaisín. D'iarr sé orm tabhairt fúthu, ag sá an ghéas i mo ghlaic.

Ba mhór an chúis gháire do ghach éinne, sa tseoirín, nach bhféadfainn na ribi achbrannacha úd a shroichint, mar bhi mo dhuine ró-ard dom. Ní raibh aon dul as agam, ar deireadh, ach seasamh ar chathaoir chun an gnó práinneach seo a thabhairt chun chríche.



Um an dtaca seo, bhi an Oifig-in ag líonadh suas agus an raic agus an ruaille buaille ag éirí fiáin. Bhi comhairle á fháil ag an "mbearbóir" go fiail, flaitiúlach ach ní raibh aon mhaith ann. Bhi an fear mór ag éirí níos airde fós agus na ribi féasóige ag coiméad a ngreim níos daingne ar a chraiceann.

Masla a bhéadh ann do Theach na nGealt dá gcuirfeá an "circus" seo i gcomparáid leis! Is dócha go bhfuil sé oibrithe amach agat, a léitheoir, gurab é an "fathach fir" seo, ná Seán 6 Croinin, "fear millte agus mór-bhuailte gach cuideachta" mar a deirtí sna scéalta Fiannaiochta, fadó.

*"Pleidhche" ag iarraidh píosa den turcaí blasta a mhealladh ó Máire Batt i gcistin an choláiste*

## Brón ar an mbás

Is iomdha eachtra grinn a bhí agam leis an bhfear chéanna ins na dachad blianta, taitneamhacha, deasa, suimiúla, greannmhara, éagsúla, do-chreidte ar uairibh roimh 6 shin.

D'eagraigh sé fobhanna faoi Mhaolach, an fhaill beagnach ingearach úd, sa Chum Rua, thiar sa Ghúgán. Bé seo an rud ba mhó a chuir "an sceoin im' chroí" mar a chloisimis san iomainn bhinn ag Gearóid Ó Mátharbhuí agus a chór, lá dheireadh an Chdrsa, sa tSéipéal. Bhíodh idir 6g agus aosta, fireann agus baineann, cróga agus lag-croich, amadach agus intleachtuil ag fáil an chuueadh chiuniúnach seo. I measc ne ndaoine a bhí liom, 6 am go céile, bhí Pádraig O Cearúil, Séan Ó Sdileabhain, Eoin O Súileabháin, Máire Ní Luasa, Breandáin O Ciobháin, Séan O Coileán, Daithi O Conchúir agus, gan amhras, Séan Mór, féin, ag dreapadh ar nós an diabhair, romhaim amach costail le Hilary agus Tensing agus fiú, Dawson Stellfox, féin!

## Gan stad gan staonadh

Ansin, tar éis "deoch leighis" i dTobar Bheannaithe Willie Shorten agus tae breá foláin 6 Mhaire Bean Uí Mhuirthe, d'eagraigh sé cluiche leadóige d' éinne a bhí fós in ann seasamh. Tar éis an Chéilí ba bhréa leis cluiche snibcair, agus tar Cís imeachtaf tráthnóna bhéadh slua á lorg aige do Ghailf I gCill Mhichíl. Munar leor sin chuireadh sé Cluiche 31 ar súil i dTigh Seartan roimh dinnéir agus in a dhiaidh san Oifig. Chomh maith leis sin go léir, bhí am do cheol, tus áite ag "Na Connerys" mar bhí stráiche mór dá chroí fágtha, go deo, i dTúr an Fhiona ar shleasa shonasacha "na Cumaraigb aoibhinn 6". Ní bheidh a leithéid ann arís. Beannacht DC lena anam uasal, ildánach, Gaelach, groi geal-gáireach.

## An Tour de Force

Chun oibre, ar deireadb thiar, mar sin. Dob 6 an céad rang a bhí agam ná ceann le hainm "ardnósach", "X"! I Seid na mBicycle, lastoir den ostán a bhí an áitín álainn seo. Bhí slua ollmhór ann, nach raibh dóthain cathaoireacha ann dóibh, so, shuiodar go breá sonasach ar dhiallait na rothar.

Da gcuirfeá ceist ar Dhonncha beag óg Seartan, is ar éigin go bhfaighfeí freagra mar bheadh a aigne leath-slí suas an Alpe Huez, chun tosaigh go mór ar Shéan Ó Ceallaigh agus Stiofán de Róisde!

Ag an am céanna, bhéadh Micheal Óg Ó Creimín ag sciorradh anuas sleasa na bPyrenees agus an Peleton ar a thóir, lena dheirfiúr, Cáit, Ailís Ní Thuanna, Máire Ní Urdail, Cáit agus Parthalán O Laoghaire, Gobnait Ní Choitir, (An tAth). Peadar, Séan, Antaine agus Deaglán Ó Laoghaire, Muintir Uí Dhrisceoil, Uí Bhriain agus Uí Mhuirthile, gan ach dornán a lua.

Thugas fúthu, go dásachtach, mar a deireadh Paddy Carroll, Dia lena anam aerach, agus é ar tí sleamhnú, ar eachtra sheachtrach éigin, prátaí a fháil i nDún Maon Bhui, nó I nDún na Séad, nó chun freastail ar shearmanas sa Tobar Beannaithe!

## Is leor nod don eolach!

O, bhios ullamh don Rang X sin geallaim-se duit, le briathra, agus do-bhriathra, seanfhocail, nua-fhocail agus ainmfhocail, aidiachtaí cornnasc agus corraí cainte agus go leor éile. Mo bhrón, thángas ar fhadhb, láithreach - páistí na háite agus na sríde ar fad a bhí os mo chornhair amach agus bhí gach rud ar eolas acu!

Ní hamháin san, ach d'fhéadfaidís rothar pollta a dheisiú; capall agus trucaill agus céachta a ghléasadh go beacht; móin a ghearradh 's a chur i bpúcháin; glugair a aimsiú faoi chearc ar gor; cáca agus tae agus din-néar a ullmhú san Aimsir Chaite, Láithreach agus Fháistineach agus d'fheadfaidís iad a dhéanamh leis, gan stró sa Mhodh Choinniollach dá n-iarrfaí orthu. Agus é go léir i "nGaoluinn" liofa, shaibhir, nádúrtha. Conas a mhúinfeá Gaeilge, mar dhara Theanga, do dhaoine go raibh sí mar céad Theanga acu cheana féin! Lucht TEFL, eat your hearts out.

## "Dob ard mo léim 's ba lúth mo chos"

Ni gá a rá, gur thugas fé ndearra, go raibh a lán eile ar siúl, seachas múineadh ranga, dá thábhachtaí é. Ar an gcéad dul síos, bhi orm aithne a chur ar na muinteoin, mar, is dócha, go raibh tríocha, nó mar sin ar An Staif an uair úd.

Bhi aithne agam ar Thadhg Ó Gealbháin, cheana 6 Choláiste Iosagáin. Mar an gcéanna le hUinsionn Ó Súilleabháin agus Tomás 6 Lúing. Chuireas aithne ar Éamonn O Riain nuair a chuaigh an triúr againn amach sa pháirc ag traenáil roimh lóin – triúr a bhí ag imirt dá gcontaethe, Ciarraí, Corcaigh agus Cill Chainnigh!! Ni haon ionadh gur shuigh Séamus caoin O Corcora, ag cúinne na huachtarlainne, é faoi dhraíocht ag an scil, an 16th-chleasaíocht agus go háirithe an cleasaíocht, a bhi á nochtadh os a chomhair amach. Bhi Tom Long ag ullmhú dos na cluichi diana úd, i gcoinnibh An Dúin agus Dan Mc Cartan. Dob é an peileadóir ab' fhearr agus ab oilte dá bhfaca riamh. Bhíodh leaidín beag bideach, laistrar den cúl ag stopadh na raispini, 6 dhul isteach sa Bhun tSileann agus dá laghad 6, bhí scileanna gleoite aige. Bheadh chú agus cáil air siúd, leis lá éigin – Séan O Drisceoil ab' ainm dó!

## Na daoine ar mhaith linn bheith buan

Ach ní fhaca riamh daoine breátha mar Thadhg O Néill, fíor – ghael, a bhi go hard sna Forsai chosanta Áitiúla. Nuair a tháinig an tUachtarán de Valera chun leacht cuimhneacháin 1916 –1966 a nochtadh, bé an tUasal céanna O Néill, a bhi i mbun an Gharda Onóra, fán na sráide, ón nDroichead siar go dti an séipeal – ceann des na radharcanna ab iontaí agus ab' aille dá bhfaca riamh.

Duine eile a chuaigh i bhfeidhim go mór orm ba ea Ruairí ceolmhar, caoin, cneasta O Drisceoil. Éireanach, idéalai agus tír – gráthóir thar na beartaibh 6. Déarfainn go bhfuil sé i measc an dream speisialta THUAS, ina bhfuil, Pádraig Mac Piarais, Traolach Mac Suibhne, Séamus O Séaghadha agus Séamus Mac Shamhráin go raibh bua an cheoil bhinn go smíor ann chomh maith.

Feareile a chur iontas agus alltacht orm ná Conchubhair O Tuama, a bhíodh i bhfeidhil an Chéilí, gach uile oíche, ina aonair agus é fé lán tseol i gconai, gan stró ar bith air. Stopadh sé An Céilí anois 's an's muia mbeadh sé sásta leis an hAon, dó, trí, ceathair, cúig, sé, Seacht! "Feach", a deireadh sé, "ti sé an – simplí" agus é ag imeacht ar dheis agus a cheann faoina ascail aige, beagnach. Bhaineadh Séan Ó Coileán an – sult as ag na hoicheannta in Ínse Gheimhleach ag déanamh aithris air!

## Anam chara

B'fhéidir gur toisc gur thosaíomar le chéile, ach dob iad na daoine ba mhó gur éiríos cairdiúil leo ná an Séan caoin O Coileáin, céanna agus Daithí ildánach Ó Conchúir, Áth Trasna agus Pádraig O Conaill, a bhi mar chomhluadar, comhairleoir agus cúl taca idir shoineann agus doineann. Lean an cáirdeas riamh 6 s n agus cuirimid an Carta Nollag féin, chuig a chéile go fóill agus f6 an glao ghutháin fánach ar uairibh, freisin.



*Johnny Sullivan, Séamus Ó hAodha, Aodán Ó Fathaigh, Gearóid Ó Máthairbhuí, Séamus Caomhánach, Leo Leamhnaigh.*

O d'imiodar san le cúpla blian anuas, bhí an t – ádh liom aithne a chur ar bheirt **fhear bhreátha** eile: Conn mór – chroíoch O Murchú agus Daithí O Condúin. Le cúpla bliain anuas, leis, ba mhór liom cairdeas agus cabhair, **Mháire lách Ní Loinneacháin, O Chill Áirne.**

Ach chun na fírinne a rá do b'iontach an cairdeas a bhí idir An Staif go léir, i gcónaí. Sin rud a mholadh Stan Ó Críodáin ag an gctad cruinniú agus gur lean Tadhg Ó Gealbhlín leis d l Cis. Is é an cáirdeas agus an comh - oibriú seo an chúis, is mó, is ddigh liom, go bhfuilimid ag comóradh an **Chéid** i mbliana. Mar a deireadh Séamus Mac Shamhráin, i ndeireadh Chúrsa Lúnasa: "Ni gá bheith go brónach, mar ní bliain atá ann in aon chor go bhfillimid, ach deich mhí!" Go maire An Coláiste céad eile, le cúnamh Dt.

## **Intinn na mBan** **(ceann des na trí rudai nar thuig Aristotle!)**

Ar a shon go raibh trí nó ceithre chéad cailíní ar an gCúrsa, ní raibh ach **triúr** ban ar an Staif chun freastail ar na "fadhbanna úd" ná tuigfeadh na fir go deo! Gobnait Ní Laoire, Inse **an** Fhosaigh ( Bun Coille anois) agus na deirfiúracha Uí Mhocháin, Nóirín agus Pat as Curraithe, a bhí ann sa chéad bhliain dom.

TB eachtra greannmhar mar gheall ar na "fadhbanna úd" a tharla do Éamonn O Dúil, lá dá raibh air, gearrchaile, Bleá Cliathach eile, mar a tharla, a bhreith siar ar ais go **Túirín Dubh**, i rith na maidne. Do rtir deallraimh, ní raibh ag éirí ró – mhaith le hEamonn a mhíniú do Eilís cén fath go raibh an cailín seo **l** thabhairt abhaile aige. Agus ar sise go binibeach " Jaysus Eamonn, do you know nothing at all about the girls!"

Bhí múinteoirí na háite an – dílis do thraidisiúin agus do chultúr saibhir na Gaeltachta agus geallaim st duit go raibh an **Capaillín Bán** agus Ctíon an Fhia agus Aonach Bhearna Gaoithe agus mórán eile ar eolas ag na daltaí ag filleadh abhaile dóibh. Thagadh Stan O Liatháin, Carraig Bhln, a bhí ina sheanchai den scoth, isteach chuig na ranganna le scéalta fada **Fiannaíochta** agus dhá cheann an – ghreannmhar: **An**

tAntichrist, mar gheall ar an gcéad rothar a chonacthas in Uibh Laoghaire agus "An bhfuil Adharca ar do Mhinister" "Culture shock" ba ea na scéalta sin, dos na Dubs, go háirithe, go mbiodh na sluaite díobh ann, tráth!

## An Teaichin beag deas

Ceann des na rudaí is mó a chuaigh i bhfeidhm orm riamh ná na tithe deasa, cluthara, slachtmhara, ildathacha, go raibh caractaer agus stíl ag baint leo, sa tsráid agus sa timpeallacht. Bhí na hainmheacha go hálainn leis: Dún Lua, An Grianán, Bun Coille, Tigh na Croise, Arús Muire, Ard a Locha agus mar sin de. Bhí draiocht agus "spiorad" dá chuid féin ag an dá theach speisialta úd: Ard na Laoi agus Tigh Seartan! Na "Tobair Bheannaithe" a ghlaotaí orthu, i gcomhair spóirt!

Deirtear go raibh dornán des na múinteoirí le dul go Corcaigh chuig cruinniú práinneach éigin, tráthnóna Domhnaigh. Ní raibh an aimsir ró – deas agus ní raibh fonn taistil orthu. Bhiodar níos teolaí sa dá theach thuas luaite, so, d'réir an tseanchais, chuireadar teiligram go Corcaigh ag rá: "Is oth linn nach féidir linn bheith i láthair, tá searmanas sa Tobar Beannaithe!"

Agus ná bí ag caint liom mar gheall ar an Galléadar mallaithe, gur cuireadh gach mdinteoir nua á lorg, ar fud na sráide: 6 Mhichéal Ó Corcora siar go Danny Pheig sa Chearta; soir arís go Séamus Scriven; siar ansin go Mick macánta O Creimín, a ghlac trua dúinn agus a mhínigh nach rabhamar ach ar "Wild Goose Chase", faraoid! Bheifeá i dtrioblaid in am tae an tráthnóna sin, leis an séideadh agus an tseafóid, a chaith-fi chugat!

## Má bhionn ainm na moch – éirí ort ní gá Ciri go meánlae!

Cheapas leis go raibh ainmneacha na mbailte fearann go hálainn, suimiúil, stairiúil agus ceolmhar, leis: Túirín na nÉan, Túirín Dubh, Gaortha an Tornóra, Goirtín Eoin, Gort a' tSean a bhaile, Béilic a' Chait agus Céim an Fhia, gan ach dornán a lua.

Fear go raibh an – eolas aige orthu súd agus ar 'chuile rud agus go raibh cuma an eolais air ná Eoin Mac Cuirín, Ciarraíoch a bhí ag múineadh, i Loch gCarman san am. Ní raibh taithí aige, thoir, God help us, ach ar ainmneacha suaracha mar: Tomadilly, Tomalosset agus Tomataggart!

## Buailim Sciath!

Bhíodh gabháil Foclóirí agus leabhair thróma, thabhachta eile á iompar timpeall aige, i gcónaí. An taon uair a leagadh st uatha iad ná in Ard na Laoi tar éis na ranganna, áit a bhailíodh an fhoireann teagaisc, traochta, tartmhar, tar éis saothar soitheainseach na maidne, chun cúsai "chogaidh agus con" a phlé.

*Daithí Ó Conchúir 'ag éisteacht le fuaimeanna na habhann' os comhair Tigh Uí Scribhín*



## Craic, ceol, 6l agus caint

Tabhairne aisteach a bhi **ann**, mar is laistigh den chuntar, a shuiodh na **custaméirí**, ar na "barrailli **dhiú-gadh**"; **Séamus Ó Seaghadha** "mediums", Tadhg O Néill, Conchubhair Ó Tuama, an cigire, Peadar Ó Donnabhiin, agus Eoin féin gan **amhras**. Bhíodh fadhbanna an **Oirthir** agus an **Mheán Oirthir**, Pol Pot agus an Kymer Rouge **á phlé**; "some things never change" arsa tusa. De réir mar a bhi an **bhiotáile** á shlogadh **bhí an díospóireacht** ag éirí níos briomhaire.

Ní raibh na **leids óga** ach ag 6l **oráiste**, ach glacadh linn chun **amhráin** a chanadh agus **scéalta** d'insint. Chuirfeadh **Séan Ó Coileáin** an **ghruaig** ag seasamh i gcúl do chinn agus 6 ag **tabhairt** "Dear Old Skibbereen" uaidh. **Bhí amhrán grinn** ag **Gearóid O Matharbhui**, The Armoured Car, faoi chú go raibh: "steel studded paws and cast iron jaws" aige agus, fiú, **dá mbeadh** do bhean 's do chlann uilig, do **chú** 's do **chapall** caillte agat, **chaithfeá gáire**. Bhi **tuin Chorcaí** go láidir ag **Gearóid** an uair lid, leis, rud a cheap sinne, go raibh an "more up market West Cork accent" againn, a bheith an ghreannmhar! **Nuair** a chuala agus a chonaic ar **T.na.G**, le **déanaí 6**, **cheapas** go raibh **snas mór** tagaithe ar a thuin – 6 thosaigh sé ag deighledil leis an gcór iontach atá acu sa tSráid le tamall fé ndearr' 6, is dócha!

## Togha gacha bia

**Pádraig O Conaill**, a bhi i mbun an tabhairne agus níl fhios agam conas a bhi ar a **chumas** an deoch a **dháileadh amach** le coirp agus cosa caite ar fud na háite. Táid go léir ar Shli na Fírinne anois Dia len nanamnacha uaisle, Gaelacha, ach amhdin **Pádraig**, féin, atá beo, bríomhar, gníomhach go fóill; gura fada buan é, duine fíor uasal 6.

Tharla gach **rud** in Ard na Laoi an uair ud. Is ann a bhi na **béilí**, freisin agus ba bhlasta, slachtmar iad. Molly **Gugán** ab ainm do bhean a' ti agus dob álainn, **grámhar**, **flaithiúlach**, daonna, Cifeachtach an bhean í. Agus ar eagla nach raibh dóthain le **déanamh** aici bhíodh slua scoláirí thuas staighre aici chomh maith. Is ann a bhíodh eochracha Halla an Chéile, leis, **nuair** nach mbidis imithe ar strae i bpóca duine Cigin dear-madach! Rud eile, ba **cheart** a bheith ann, ná Na Liosdaí<sup>13</sup>

damanta dos na comórtaisí agus uile. Ach, faraoir cosúil leis na heochracha, bradacha, **bhídís** ar strae, go minic, leis.

## Siúd thall thar an Droichead

Ach, bi an rud ba dheise, i ndeire baire, ná na daoine deasa, álainne, cairdiúla, "ciúiteálta" a chastaí ort ar do bhealach go Halla an Chéilí. Beidh **cuiimhní** deasa agam go deo ar dhaoine mar, **Mhíchéal O Corcora**, **sinsear** agus sóisir, **Séamus O Scribhin**, **Willie Shorten**, **Séamus O Tuama**, **Din Dineen**, **Danny Gabha**, **Pádraig O Coill**, **Micheál** agus **Séan Ó Loinnsigh** nó "Speedy" mar a bhaist **Dessie Cahill RTE**, air, **nuair** a fuair **Séan** a rotharín beag gluaiste!

Agus dB mbeadh an **tádh** leat ar an mbealach chasfai daoine deasa "on dtuaith" ort mar **Connie the Lodge**: **Connie Mary Leary**, **Mitchel the Mons**, **Jack the Lios**, **John the Guard**, **Batt the Bus**, **Dan Séan the Post** agus, fiú, daoine le ainmneacha leamha mar **Colman Concannon**, **Ger Healy**, **John Moynihan** agus **Dan Driscoll**!

**Bhí amhrán iontach** ag **Connie the Lodge**, "The Galbally farmer". Bhaineadh, **Mary Hurley**, **Eibhlin Galvin** agus mo **Mhary Higgins** an sult as. Is eagal liom go laghdaíodh **Ailís Twoomey** an tón go mór lena **hamhrán gáirsiúl**, inar chaill an seanleaid a "falorum" agus fiú a "dhingdorum"! Beidh **déistean** ort a chlos, a léitheoir, gar **gháir** na **pleidhchí** go léir, á **gríosadh** chun donais ar fad ar fad. Bhuel, rinne mé féin **gáire**, freisin, ach, **mion** – **ghaire**, beag, deas, sibhialta tá 's agat

## Is go Máire na Mná go deo



*Máire Ní Cheallacháin follaithe i measc na mbláthanna sa Túirín*

Tbim ag coimead an dea – fhíon go dtí an deireadh chun gur féidir liom na mná ti a mholadh go hard na spéire. Dob iontach na mnb iad, cur suas le sluaite déagóirí briomhaire, bradacha agus bheith in ann béilí blasta ar chur ar bord chucu i rith an tSamhraidh go léir. Chaitheas féin tréimhsí i roinnt díobh: Túirín Dubh (Tigh Uí Chárthaigh); Bun Coille, ar feadh na mblianta, An Grianán agus Tigh na Croise. Ná bí ag caint ar "home from home!" Bhinn ag súil leis an cóir céanna, tar éis filleadh abhaile – gan toradh, is baolach!

I mo phost thabhtach mar "chigire cuairteoireachta" chuireas aithne ar Thigh Uí Dhuinnin, Tigh Uí Chrualaoi, Tigh Uí Choill agus ar thithe Uí Éalaithe agus caithfidh mé a rá go rabhadar go léir chomh maith céanna.

Is minic a chastar orm iad – scoláirí a bhi ag cur futhu ins na tithe sin agus bionn siad á moladh de shior. Ag dul in aois dóibh anois, tuigean siad an strus agus an obair go léir a dhein na mnb ti iontacha sin ar a son. Ní bheadh na Coláistí Samhraidh ann in aon chor gan iad. Go dtuga Dia tréimhse fada ciuinis agus sosa dóibh, mar bhuiochas.

Bhíodh scéal ann i dtaobh na dtoscaí uafásacha ins na trín sí sa Chéad Chogadh Domhanda, mar ar cuireadh scéala chuig na fir i ndeireadh na líne thall: "Send reinforcements we're going to advance", Ach bé an rud a tháinig amach thall ná: "Send three and four pence we're going to a dance!" Maran gcéanna le mo aiste beag féin t i súil agam ná fuilim tar éis Cinne a mhaslú ná a ghoineadh le haon rud a dúirt nó d'fhágas ar lár. Is ait an rud an cuimhne, go mór mhór an seana chuimhne.

Ach tá scéal greannmhar eile faoi na trín sí úd, mar gheall ar Gearmbnach agus Gael a bhí ag déanamh dreas cainte le linn sosa sa troid 16. "This is a rough station" arsa an Gearmánach. D'aontaigh an Gael leis ach dúirt go raibh aithne aige ar "stáisiún" níos measa – mí i bhfeidhil an tSeomra Fada i gColáiste na Mumhan!

Is dócha go ndéarfadh Conn agus Tadhg agus Donncha 6 Luasa go bhfuil na blianta fada díograiseacha i mbun an Choláiste níos measa fós ná ceachtar díobh. Go dtuga Dia an tSláinte agns an spiorad dóibh leanúint den bhfeachtas iontach go dti go mbeidh slua nua, óg, idéalach chun é a thabhairt ar aghaidh go ceann Céad Blian eile, glórmhar.



*Cé hé mo dhuine ag leagadh lámh ar charr an Mhinistéara?*

# Ag Machnamh dom

le Sean O Riain

Nuair a **thána** go Btal **Átha** an Ghaorthaidh don gctad uair, ní raibh fhios agam, gan **amhras** cad a bhí i **ndán** dom. **Tuigim** anois go raibh an teacht sin ar na **nithe** ab **fhearr** a tharla riamh dom. Cuid an – luachmhar dem' shaol ab ea é, agus is sea é.

Ba dheas an smaoineamh an **comóradh** seo. Ag an **am** gcéanna, cé gur **ócáid** sona i, **ócáid** bhrónach í leis **nuair** a thugaimid chun cuirne na daoine atá as **láthair**, na **sáir** – fhir atá imithe uainn, ár **gcáirde**, fir is **mná** a **tháinig** anso le céad bliain anuas go raibh nas **daingean** amháin **eatarthu** go léir, sé sin **grá** agus **meas** ar an **nGaaoluinn**. Fuaireadar **anso**, fé mar a **fuaireas**-sa, **cáirde** agus **caradas** i measc na **múinteoirí** agus measc mhuintir na h-áite

**Cuimhnimid**, gach duine againn, ar na mhinteoirí a bhí ag obair **anso** lenár linn féin. **Cuimhním** go háirithe orthu-san a bhí liom ins na caogaidi agus na seacaidi agus atá anois ar shli na **fírinne** Donncha O Duinnin, Eoghan Mac Cuirtín Séamus 6 Súilleabháin, Ruaidhrí O Drisceoil, Seán O Iomasa, Dairmuid Ó Súilleabháin, Pádraig Mac Concoille, Séamus O SC, a bhí ina Ard – Mháistir lem'linn se, Seán O Críodáin, a dhein dea-obair mar **rúnaí** ar feadh na mblianta.

Bhí **cáirde** anso nár rnhliinteoin iad: Liam Seartan, Denny Guagán, Johnny, a bhíodh ag obair i **ngáirdín** na Ceárdscoile. Donncha O Luasa an cheoil; Paddy Quill agus Danny Gabha

ML tá ainmneacha fágtha ar lár agam ina na liostaí sin maithtear dom é

**Múinteoirí** eile a bhí ag mhineadh sa Choláiste le mo linn-se abea Concubhar Ó Tuama, Pádraig Ó Somachain, Tomás O Luing, Muiris O Concubhair, Mícheál 6 h-Odhráin, Seán O h-Ainiféin, Pádraig Ó Cearbhaill, Sein Ó Coileáin, Diarmuid O Murchú.... Daoine eile leis go mb'fhéidir go bhfuil a n-ainmneacha dearmadta agam.

Luaim, go h-áirithe cliigear faoi leith go raibh cion faoi leith agam orhtu: Pádraig O Cróinín ón Inse Beg siar a' bóthar buan – chara ón gcéad uair a bhuaileas leis sa Choláiste Ullmhúcháin i Maigh Eala i 1937 go dtí an 18 a fuair st b; Seán O Cróinín a bhí i nDrom Chonrach liom sa bhliain 1940. Bhuaileas leis arís nuair a bhí sé ag múineadh; dTuar an Fhíona I gCo. Phort Láirge. Nár oir ainm na h-áite dó—“Tuar an Fhíona mar a líontar an gloine..” mar gur mó gloine a líon an Fear Fada agus d'fhág an oiread céanna folamh ina dhi-aith; Labhrás Ó Domhnaill ón Dubhros tháingamar beirt go Béal Átha' Ghaorthaidh an bhliain chéanna agus d'fhanamar beirt sa Túirín Dubh le muintir Mhic Chárthaigh. Iascaire dúthrachtach abea Larry agus nuair a bhíodh na bric go ltir glanta as An Laoi agus as na locha aige thtimis go dtí an Páidín. Lá eile bhí feachtas iomráiteach go Loch na mBreach Dearg ins na sléite thiar; Mollie Uasal Uí Urdail, Ard na Laoi--- croí na féile, Jim Corkery Maigh Chromtha, Béal Átha an Ghaorthaidh, Béal a' Ghleanna- tharla nár mhór an aithne a bhí agam air nuair a bhíos i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh ach chuireas aithne mhaith air nuair a phós a mhac Jerry comharsa béal dorais dom. Fear grámhar mór – chroí abea Jim

Iad go léir imithe. Go ndtana Dia trócaire orthu.

Is i mBéal Átha'n Ghaorthaidh a chuireas aithne ar Shéamus Ó Caomháin ar dtús agus is mó ócáid ar ar bhuaileas leis 6 shoin. Is cuimhin liom iomramh a dheineamar lá te samhraidh go h-Oileán Uí Mheathagáin. Bhí an t-ádh linn gur tháingamar slán. Agus is cuimhin liom oilithreach eile a dheineamar go dtí gach tigh tábhairne ins na trí paróistí agus tháingamar slán as sin chomh maith. Bhíomar 6g agus ba chuma linn cá dtitfeadh an oiche orainn.

Sin mar atá. Beidh a chuimhni ftin ag gach múinteoir againnar na laethe samhraidh sincois abhainn na Laoi in Uíbh Laoghair.



*An tantichrist? Ní hea, ach Aodán Ó Fathaigh agus Séamus Ó hAodha le píopa ina ghlarc*



*An tAth. Mac Stiofáin agus Danny Pheig ag plé cúrsaí capall, cléreachais, agus, b'fhéidir caomhnú fuinnimh!*

# Sean 6 Cróinín

(Cisteoir an Coláiste 1965-99)

le Conchur O Murchú

I sdilibh alán daoine ba ionann Seán O Cróinín agus Coláiste na Mumhan. Fathach fir abea Seán ina lán slite-fathach ar son a chlainne, ar son na Gaeilge agus ar son Choláiste na Mumhan. Le thart ar chaoga bliain anuas stidraigh Seán barc an Choláiste ar shruth a leasa in am an ghátair agus in am an raidhse. Sa dá bhliain deireannacha dá shaol nó ar feadh bliain go leith ach go h-áirithe dob é ba mhó a bhí ina aigne ná comóradh an Chéid. Ghníomhaigh sé go díoghraseach, fonnmhar ar phleanáil an Chomdradh agus ghuigh sé Dia é a shábháilt go bhfeice sé é ach "an Té a dhealbhaigh sinn as cré" ní mar sin a d'ordaigh. Ar leabaidh a bháis dúirt se liom nár thuig se conas nár cheadaigh Dia a achainne dó. Ach fé mar a bheifeá ag súil leis i gcás Sheáin ghlac s t le toil DC agus dhearbhaigh sé go raih sé ag súil le bualadh lena Chruthathóir.



Seán Ó Cróinín R.I.P.

Rugadh Seán O Cróinín i gCéim Chora Bhuaile i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh sa bhliain 1921. Chaith sé a gige i gceannntar álainn agus e ag sú leis Gaeilge agus cultúr a' shinnsir agus á ndaingnid ina chroí istigh. Cáilíodh ina mhuinteoir é ina óige agus thosnaigh st ag mdineadh ceoil i gColáiste na Mumhan i 1941. Lean se ar aghaidh ag múineadh sa Choláiste go dti 1951. Mhúin sé i roint bhunscoileanna in oirthear agus; dtuaisceart Chorcaí mar Thobar Pharthaláin, i dTír Eilín, Baile Chaisleán an Róistigh (1944-1948) Sa mbliain 1948 d'aistrigh sé go Clenor/Carraig. Ba ann a bhuail sé lena bheanchéile, ionmhuin, Siobhán agus iar pósadh dóibh bhailíodar leo go Tuar an Fhíona-“áit a líontar an gloine” mar a dúirt sé go minic. D'fhan sé ann go dtí an bhliain 1965 nuair a cheapadh é ina Ard-mháistir ar Scoil na mBuachaillí, Baile an Chollaigh. Sa bhliain channa toghadh é ina Chisteoir ar Choláiste na Mumhan. Post 6 sin a bhain sé an – taitneamh as a duirt sé go minic Chomhlíon sé a chuid dualgaisí mar Chisteoir go h-ionraic, macánta B'fhéidir go raibh sé teann i rudaí beaga ar uairibh ach nuair ba ghá an t-airgead a chaitheamh chaith se é ar son an Choláiste go fonnmhar. Nuair a d'éirigh sé as a phost mar Ard-Mháistir i mBaile an Chollaigh ghlac sé alán cúramaí eile air féin. Bhí sé ina Rúnaí ar Chumann na Múinteoirí scortha, ina bhall an-ghníomhach de Chumann Naomh Uinseann de Pól agus de Fheachtas Conquer Cancer. Théadh sé go Lourdes go rialta ag tabhairt cabhrach do othair agus do easláin. Fear mór-chroíoch a chuir teagasc Chríost i bhfeidhm ina shaol agus go bhfuil toradh a shaothair tuillte go maith aige. Molann an obair an fear mar a deir an sean-fhocal.

Mar chaitheamh aimsire níor bhreatha an rud a dhéanfaidh Seán ná tréimhse a chaitheamh i gCill Mhíchíl



Augusta, Cill Mhíchíl! Seán O hUiginn, Conn O Murchú agus Seán Ó Cróinín

ag imirt cur agus caitheamh lena chairde nó cluiche cartáí d'imirt i dTigh Seartan agus piúnt ina ghlaic aige roimh lón dó. Ba bhrea leis an comhlúadar i gcónaí agus ba bhrea an comhlúadar é féin chomh maith.

Shíothlaigh Seán ón saol seo i mbliana –bliain an Chéid. Caoinfidh bochtáin na cathrach, easláin Lourdes Cornhaltas an Choláiste agus a chlann féin ach go h-áirithe. Guímíd leaba i measc na Naomh chugat, a Sheiin Dhil.

# Cuimhnicinn 6 Bhéal Áthá an Ghaorthaidh agus 6 Cholaiste na Mumhan

le Séamus Ó Caomhain

Ba mhaith liom a insint ar dtúis conas a chuir mé aithne ar Bhéal Áthá an Ghaorthaidh agus ar Inse Geimhleach don chéad uair. Sa bhliain 1944 dhein mé bliain staidéar i gColáiste Albert i Glasnaion agus an bhliain dar gcionn d'éirigh liom áit a gnóthú i gColáiste Phhdraig i gcóir múinteoirí Náisiúnta 1945-1947. An lá a chríochnaigh mé i gColáiste Phádraig, dhein mé agallamh san Roinn Talmhaíochta agus bhí an t-ádh liom gur glaoth orm go Uíbh Laoire seachtain níos deanaí mar Mhaorsóir Feasúcháin Feirmeacha - an teideal oifigiúil a bhí orm. "The boss of the lands" a bhí ag muintir na háite orm, ach nuair a bhídis ag caint eatartha féin, "Stail na móintean" nó "slibire na móintean" a bhí orm.

I rith an gheimridh bhíodh na feirmeoirí ag déanamh feasúcháin ar na feirmeacha agus bhíodh deontas le fáil acu as. An post a bhí agamsa ná an obair d'infhiúchadh agus é a mheas, scéal a chur go dtí an Roinn Talmhaíochta faoi, agus bhí deontas le fáil acu tar Cís miosa nó mar sin.

Bhí ceannatar mór le déanamh agam 6 Gúgán Barra go Droicheadh na Toinne agus ó Dhoire an Aonaigh 6 thuaidh go Chill Mhichíl 6 dheas. Dheineas an ceannatar go léir ag taisteal ar mo rothar. Bhí pingin go leith in aghaidh an mhíle agam mar costas taisteal. Bhaineas an-taitneamh as an obair. Bhí draoicht Cigin ag baint leis an ceannatar agus ar áileacht na hHITE. Bhí an áit comh cluthair sin agus comh socair. Bhí ceol agus filíocht ag baint leis na logainmneacha. Cá bhfaífeá ainmneacha cosúil le Céim Chora Bhuaile, Gort na hOctaí, Gaorthadh na Péice, Doire Mágh Chóirín, Inse an Fhosaigh agus alhn, lán eile. Chaitheas dhá bhliain ag gabhail leis an obair sin. Bhí an aimsir go hálainn agus mé 6g agus mé lán de ghiodam agus cuimhní ana-thaithneamhach agam as na blianta sin.

I lár Mí Bhealtaine 1949 fuair scéala go raibh post múinteoireachta le fáil i mBaile Átha Cliath, i Sráid Shéamais. Chuireas isteach air agus fuair é agus d'árdaois mo sheolta agus "away" liom go Baile Átha Cliath. Tar Cís tamaill a chaitheamh i mBaile Átha Cliath fuair post mar mhúinteoir i gColáiste na Mumhan in 1956 agus chaiteas tamaill ag múineadh ann gach Samhradh go n-éirigeas as an múinteoireachta in 1990.

Bhí ceangal nua agam le Béal Átha an Gaorthaidh agus caibeadal nua tosnaíthe agam le Coláiste na Mumhan. Mar a dúirt, bhaineas ana-thaithneamh as an tréimhse a chaith mé mar oifigeach talmhaíochta, ní lua ná sin an taitneamh a bhaineas as na blianta a chaitheas mar múinteoir i gColáiste na Mumhan. Bhíodh muineadh formiúil againn ar maidin agus bhíodh obair trathnóna - cluichi, suílóidí 7 rí 6 trí a chlog ar aghaidh. Bhíos i bhfeighil siúlóidí an chuid is mó den am.

Ti an ceannatar maguaird ana-shaibhir in iarsmaí seandálíochta agus thugamís cuairt ortha i rith na miosa. Bhí gallán mór i mBán an Teampaill agus théimis ann go minic. Meastar nach gallán at 8 ann



'Come west along the road' Séamus Caomhain agus Bean Uí Éalaithe

in aon cor ach cloch amháin at 8 fágtha 6 ciorcal cloch a bhí ann ar dtuis. Tá rian den ciorcal le feiscint ann fós, faraoir - ti an gallán tar Cís titim le


**déanaí.** Bhí oíche stoirme ann agus briseadh an **gallán** ina dhá leath. Níl fhios agam ar deineadh aon rud mar gheall air 6 shin.

Turas eile dheinimís ná suas go dtí Céim Cora Bhuaile. Tá uaigh áiléir ar thaobh chlk an **bhóthair**. Tar éis fíochaint ar sin **théimis** ar aghaidh go dtí "**An Cros**". Is iontach **an** radharc atá le feiscint 6 bharr an chnoic - t i ceanntar **Uíbh** Laoire go léir ansin fdt. Gach **uair** a **théighinn** go **barr** an chnoic sin agus nuair fhdachainn 6 dheas **chuimhním** ar Cortez - "Silent upon a peak in Darien". **Théimis** ar thuras rothaíochta go dtí Céim an Fhia agus go dtí **Gugán Barra**. **Scéal** béaloideas mar gheall ar cath Chtim an Fhia. Troideadh an cath sa bhliain 1822 agus tar tis an catha gabhadh beirt **mác** le **Máire** Bui agus tugadh 6s **comhair** na **cúirte** iad i **gCorcaigh**. Bhí **Domhnall Ó Conaill** in árd a **réime** san **am** agus bhuaill sé le **Mháire** sa **chúirt** agus d'iarr sé **uirthí** teacht leis agus deoch a bheith acu agus seo é **an freagra** a thug si air - "tá mo chroi dá slad mar a sniofaí an gad, is ní **fhéadaim** 6l aon **tréat**, faid atá buidhean mo scairt, faoi luí na nglas, Is a cdis gan stad le pleighe". Chomh fada agus is eol dom d'éirigh leo teacht saor ón cúis dlí.

Iarsma suimidl eile is ea **an crannóg** atá le feiscint sa loch. **Oileán Uí Mhaothagáin** a tugtar air. Baint aige le ré an **chré-umha**. Ar an taobh thall den loch ag **Cumhar** na **hÁth Thuille**, tá Carraig an Aifreann mar a Itighti Aifreann in aimsir na **bPéin Dlíthe**. Ansin, ar an taobh thoir de Inse Geimhseach, t i **Caisleán** Carraig na Curra - caisleán a thóg muintir Laoire sa bhliain 1214.

Is cuimhin liom **mór-ócáidí** i **gColáiste** na Mumhan. Ceann **amháin** do b'ea **Comóradh** an dé-shealbhú **deireannach** in Éirinn agus cuireadh suas **cloch cuimhneacháin** i dtig Uí Mhathdna i Drom an Ailtig. **Mór-ócáid** eile do b'ea teacht **an Uachtaráin** De Valera sa bhliain 1966. **Ócáid** eile do b'ea turas an Taoisigh **Seán O Loingsigh** i gcóir oscailt an **Linn Snámh**

Sin cuid de na **cuimhní** cinn atá agam 6 **Choláiste** na Mumhan agus cuimhnim leis ar na **cáirde** ag léir a bhi agam le linn na mblianta sin. T i alán díobh imithe ar **Shlí** na **Fírinne** - beannacht **Dé** leo go léir



*Múinteoir óg lúfar Dáithí Ó Conchúir ag déanamh ar an Túirín chun raic nó rud éigin a in-fhiuchadh!*

# Trí Shúilibh Luichín Tuaithe

Le Máire Áine Uí h-Aodha (Ní Murchu)

Ceann des na cuimhni is sia siar im' cheannsa os na caogaidi nd bheith ag glanadh an ti ag baile don cuairteoir speisialta galánta a bheadh chugainn 6 Bhleá Cliath. Ní rabhas níos mó ná s t nó seacht mbliana d'aois ag an am. Barra 6 Muirthille an t-ainm a bhi air agus thagadh sé ar cuairt chun dreas cainte a dhéanamh le Mam & Daid, mar gur fhan sé sa tigh againne, ar "Choiste na bPáistí" hlianta roimhe sin, leis an seana-mhuinitir ins na daicheadai i nGort Luachra. Bhíodh s t ana-thógtha linne mar leanai agus chuireadh s t ana-chaint orainn mar gur bhreá leis "an Ghaoluinn bhreá" a bhíodh againne a chloisint. Thugadh sé corr scilling dúinn agus, ní nach ionadh, go mbímís scuile chun cainte leis. Chuireadh s t cártaí Nollag le pictiúirí de fhoirgneamh an-bhreá déartha ortbu. Thaispeánadh Daid dúinn iad, agus thugadh sé stair an fhoirgnimh dhinn, ach ní rabhamar ró-thógtha leis mar leanai óga. Sea bhí Mac Piarais éigin agus O Conghaile agus bhi Éirí Amach ana-mhór. Ach ba chuma linn san! Thuigeas blianta ina dhiaidh sin gur Corcaioch a bhi ann, a tháinig go Béal Átha'n Ghaorthaidh ar "Choiste na bPáistí" ag foghlaim Gaeilge, agus a ghnóthaigh post bred dó ftingin ina dhiaidh sin san Árd Oifig an Phoist i mBleá Cliath.

O s rud é go rabhamar chomh iarghúlta san, ní raibh aon ró-thuiscint agam ar shaol na sráide seachas an turas ar Aifreann gach Domhnach i leoraí Danny Hyde nó i jeep Jacky Healy. Shamhlaíomar go raibh an tsráid mór groi agus go raibh muintir na sráide ana-ghalánta go deo. Shiúilimis ar scoil 6 Ghort Luachra agus hhaineadh san an tea-spach dfinn. Chuirimis chun bóthar abhaile tar eis scoile tar éis cúpla pingin a chaitheamh i "Madge Creeds." Is beag cumarsáid a bhíodh againn le muintir na sráide lasmuigh d'am scoile. Is beag an bhaint a bhíodh againn le h-imeachtaí na sráide i rith a tSamhraidh ach oiread mar go mbímís ag cruachadh móna, ag sabhailt an fhéir agus ag súgradh lena chtile agus rl. Bhuaílimís le scoláirí ar a dtugaimís na "Fresh Airs" orthu, a bhíodh ag fanúint sa Cholaíste agus san "Logde" ar an mbóthar i rith Mi an Mheithimh. Shamhlaímís gur sagairt a bhíodh ag siúl na mbóthar leis na "Fresh Airs" a fhanadh sa Cholaíste. Bhídís ag siúl an bhóthair go Céim Cora Bhuaile, tré Screathan Mór, Gort Luachra, Doire an Lonnaigh, i dtreo an Ghuagáin agus ar ais go dti Béal Áthan Ghaorthaidh ina mbeirtihh ar nós airm. Thuigeas ina dhiaidh sin gurb iad Bráithre Chríostaí a bhí i bhfeighil. Ní fhtachadh na "Fresh Airs" orainn agus iad ag siúl thart, ach bhíodh monabhar breá ina measc féinig agus iad ag labhairt Gaeilge. Deirimís "halóóó" bred tuaithe leo ar eagla ná tuigidís sin ach ní bhacaidís linn cor ar bith

D'athraigh an saol ar fad domsa nuair a bhíos thart ar a dódhéag/tridéag mar go bhfuair eas post beag mar chailín aimsire don Samhradh i dTigh Uí Chorcora ag diol uachtar reoite gach Satharn agus Domhnach. Is amhlaidh go rabhadar an-ghnóthach sa siopa Domhnach amhdin agus lorgaigh Bean Uí Chorcora ormsa cúpla slis d'uachtar reoite a ghearradh agus freastal a dhéanamh ar na Coláistí. Ní foláir ná gur dheineas ana-jab mar híreáladh me láithreach bonn le cead mo Mham don Samhradh. Níorbh fhada gur thuigeas go raibh saol mór eile ann seachas an cúinne beag sin ar a dtugtar Gort Luachra. Chuireas an-aithne ar na "collegians" na "coláistí." Bhíos i lár an aonaigh. Thugas liom léargas ar shaol eile ar thuin eile ar fhaisin eile ar iompar eile ar fad. Chaitheas uaim na bróga donna a cheannaigh Daid dom ar Aonach Bheanntarai (bróga do bhuachailli a dhuine!) Cheannaíos "flip-flops" agus "platforms" i gCoosey Hall i Magh Chromtha leis an gcéad cdpla scilling a ghnóthaíos.

Is cuimhin liom na busanna ag imeacht ag deireadh Iúil agus na sluaite ag teacht arís i gceann cdpla lá do chhrsa Lhnasa. Chuireadh an gleo agus an comhlúadar áthas ar mo chroi. Bhíodh cúig nó sé chéad coláistí chugainn. Bhíodh an tsráidbhaile duhh leotha. Bhíodh tithe na sráide lán go barra le scoláirí, na tithe i dTúirín Dubh, sa Chill Mhór, i nDrom an Ailigh agus bhíodh an Coláiste féinig ag cur thar moill leis na sluaite.

Níorbh fhada gur thosnaíos ag iarraidh crot éigin a chur ar an dream sa bhaile maidir le cursaí Gaoluinne. Bhí s t in am acu "Trom mála", "tar i leith chugam" "an bhféadfainn" "conas tánn sibh go léir" & rl a chaitheamh uathu, in Bít "mdla led' thoil" agus "tar anseo." "an ftidir ..." "conas tá sibh". Ina theannta san bhi s t in am acu "tháinig" a rá i gceart ar nós na "coláistí" agus na múinteoirí agus "THÁÁÁÁÁINIG" a rd. Dheineas mo dhícheall ar Ghaeilge nua-aoiseach a mhúineadh do Mhuintir Uí Mhurchú, Gort Luachra ach is beag aird a thug siad orm is baolach. "Éirí in áirde gan tabhairt suas" agus "sodar i ndiaidh na n-uasal" a thugadh mo Mham ar a leithéid.

Ag deireadh Samhradh amhdin, tamall ina dhiaidh, sin chuaigh mé go Corcaigh ar an mbus le "Batt the Bus" agus is cuimhin liom go maith cupla sciorta nua aimseartha, faoi mar a chaitheadh na colaistí, a cheannach. Ba "mhínis" gleoite iad – ceann acu glas agus an ceann eile saghas "flecky" díreach cosúil leis an ceann a chaith Úna 6 Bhleá Cliath an samhradh sin, leis an oscailtín glic rúnda ar chúil.

Is cuimhin liom go maith an lá gur tháinig De Valera in 1966. Ócáid stairiúil gan dabht a bhí ann. Bhí an saol mór agus a mháthair ann. Bhí muintir na háite go léir ann agus na sluaite de chuairoteoirí. Sea thuigeas ón lá sin i leith gurb 6 Coláiste na Mumhan an chéad choláiste múinteoireachta a bunaíodh sa tír. Bhí maithe agus mór uaisle ann ar an 18. Ceann des na mór laethanta i mBéal Átha. Dev, an fear mór, ina stealladh bheathaigh in ár measc. “Bígí mórálach” a dúirt st. Mhol st dúinn meas a bheith againn “ar an teanga agus ar ár n-oidhreacht”. Sea ní dhéanfad dearmad ar na focail sin riamh, coiche ná go brách. Nach ait iad na rudaí a théann a bhfeidhm ar an duine óg!

Mar dhéagóir do chuireas aithne ar roinnt mhaith des na muinteoirí. Uaisle na n-uasal a cheapas féin. Bhíodh fear ana-dheas darb ainm Ruaidhd thuas i dTúirín Dubh. Bhíodh sé ri-dheas le gach éinne. Bhí Caiseal, Padraig, Seán, Labhrás, Tadhg, Áine, Seán 7d. Bhíodh Séamus Ó Sé mar Árd Mháistir i dtds na seascaidí. Cuimhním ar an oíche go raibh an stailc mhór ar an droichead. N’fheadar cad é go díreach ba chdis leis ach ní dhéanfad dearmad ar an rad-harc riamh chofche ná go brách. Cdig nó sé chéad scoláire ina sui ar an droichead agus iad ag cantaireacht! Níor bhogadar go dtí gur réitíodh pé chúis gearáin a bhí acu. Is dócha gur spreag a leithéid cuid againn chun raic/stailc beag a thógaint anois agus arís ina dhiaidh sin nuair a shamhlaíomar nach raibh cothram na féinne á fháil againn!

Ba choláistéir an chéad bhuachaill a bhí agamsa. Bhí "Aodh" ana-dheas go deo. Bhuaileas leis ag an gcéilí. Bhí s t chomh deas sin ina chulaith denims gorm. Oíche amháin chuamar i dtreo na gCéimeanna agus nár bhuaileamar leis an sagart tar éis d6 filleadh anuas 6 Dhrom an Ailigh lena bhata siúil agus é ar thóir beirtibh a bhíodh ag suirí. Chuir st an ruaig abhaile orainn agus bhí eagla an domhain orm gur aithin s t mé. Is beag an suim a bhí ag Aodh ionam ina dhiaidh sin mar gur shíl s t gur tharraingíós buile an tsagairt air. Théinn go dtí an céili gach ofche ina dhiaidh sin chun bualadh le h-Aodh. Chaithinn cúpla uair an chloig ar an ullmhúchán agus ag déanamh cúl-chíoradh ar mo chuid gruaige sa bhfaisean is nua aimsirí. Thugadh Aodh rince dom anois agus arís agus thugainn rogha na mban dó sidd i gcónaí. Thug sé p6g breá dom an oíche dheireanach nuair a bhí gach duine ag fágaint slán. Ach chonac é ag siúl abhaile le cailín eile ina dhiaidh san. Bhí gach Binne croi briste ar maidi dar ndóigh mar bhí gach éinne ag dul abhaile. Ach bhí an Shirley Valentine bocht seo croi briste ina h-oileainín féinig agus ag cuimhneamh ar an deis sin a chaill si ar na Céimeanna. An bhliain dar gcionn tháinig Aodh ar ais agus níor bhac s t liom a bheag ná a mhór. Bhí s t ar nós Tom Conti ar an oilean sin sa Ghréig agus é ag cur dallamullóg ar óinseach éigin eile. Sea bhí an saol mór ina stealladh bheathaigh i gColáiste na Mumhan agus i mBéal Áthan Ghaorthaidh ins na seascaidí. Bhaineas an diabhal de fháisceadh as na laethanta san. Nách breá an ní an óige – ní raibh teora leis na dúshláin ach lean an luichin tuaithe uirthi ag rince cuma ar bith!



Máire Áine Ní Mhurchú, Daithí O Condúin agus ar dhian diúte os comhair an choláiste

## An “Dub” in Iarthar Chorcaí

Bhuaileas cnag ar dhóras na hoifige agus bhrúigh mé an doras isteach. Bhi fear ard maol os mo chomhair agus chuir mé mé féin in aithne do. "Eamonn O Dubhgaill as Baile Átha Cliath". "TB fáilte romhat Eamonn, is mise Diarmuid O Súilleabháin. Bhíomar ag súil leat “.

Nuair a fuair an glaoch teacht go Coláiste na Mumhan bhios ag obair i Siopa Selfridges i Londáin Sasana. Mo mháthair a chuir an litir chugam ón gColáiste ag tairgaint poist dom i gColáiste na Mumhan do chursa mí Iúil 1961. Bhi si de nós agam ag an am obair shamhraidh a dhéanamh i Londain chun cúpla punt breise a thuilleamh dom féin ach nuair a fuair an glaoch an Cholaiste tháinig m't abhaile go hÉirinn láithreach.

Nár bh fhearr dom a bheith  
 "Im sheasamh ar an sliabh  
 Os cionn an Ghuagáin  
 (is) Bosca boga na gaoithe ag cuimailt mo léine"  
 seachas a bheith  
 "Ar leacracha cma sráid  
 (is) Doi dúra an tráchta  
 Ag tuargaint m'anma"

Mar ar sc'n'obh an file Caoimhín O Conghaile fadó.

Niorbh é seo an chéad uair dom sa Ghaeltacht. Chaitheas tréimhse i nGaeltacht Tír Chonaill nuair a bhíos im scoláire ollscoile, agus chaitheas c'dpla tréimhse taitneamhach in Indreabhán agus sa Cheathrú Rua, Conamara. Ach thiteas i ngrá le hIarthar Chorcaí.

Tharla sé seo ar alán cúiseanna – áilleacht an cheantair, muintir na háite, comhlúadar na múinteoirí sa Choliiste, na scoláirí, turasanna, na cursaí samhraidh irl.

Cá bhfaighfeá áit ar domhain níos deise ná Béal Áth'n Ghaorthaidh lá samhraidh – na tithe agus na bláthanna thart ar na dóirse agus na fuinneoga, abhainn na Laoi ag sli tríd an baile, an cúl-bhóthair thar na sléibhte go Cill Garbháin, Locha an Ghugáin agus an Séipéal ar an Oileán, an radharc ón Stapoint tráth-nóna agus an ghrian ag dul faoi. Neamh ar thalamh!

Cuimhneoidh mé go deo ar an fáilte a chuir romham i gcónaí ag muintir na háite. Máire agus Johnny McCarthy amuigh sa Túirín agus Eibhlis, agus an aire a thug siad dom agus an cdram a chuir said orm bli-ain i ndiaidh bliana. Agus céard faoi Tigh Seartan istbiche? Ní fhágfaí id'aonar tú ariamh ag an bar, bhíodh comhrá agus craic ann i gcónaí agus b'fhéidir chuiche triocha haon ag an mbord le do chairde. Agus ansan go déanach ins na nóchaidí nuair a bhfomar go léir ag dul in aois b'fhéidir, bhíodh caint faoi pars agus birdies agus eagles ag Joe Healy agus Johnny Quill agus a gcairde.



An t-údar ag faire Mt Juliet

Agus céard faoi múinteoirí an Choliiste? B'iontach an m'tid 'caractéirí' a bhí ina measc i gcónaí. Nuair a thosaíos sa Cholaiste bhí Séamus O Sé ina ard-mháistir. Fear díograiseach i leith na Gaeilge ab ea é caithfidh mé a rá nár chuireas aithne i gceart air riamh. Fear prób-háideach a bhí ann.. Niorbh ionanu an scéal ag Séan O Críodáin (an Runaí) agus Séan O Cróinín (an Cisteoir), beirt a rith an Cholaiste le cúram, le clisteacht agus le cáirdiúlacht. Ansan bhí leads óga cosidli liom féin – Padraig O Cearúil na scéal Labhrás O Domhnaill na gcrann, Conchur Ó Tuama na rincí, Roibeard O Conaill na gcon, Breandin O Caomháin an cheoil agus a



*Pádraig Céitinn agus Leo Leamhnaigh ag glacadh 'sos beag' ar an nDroichead*

lán eile nach iad. Agus cá bhfaighféa daoine comh stuama le Séan O Coileáin, Tadhg O Gealbháin, Críostóir Ó Rúáin agus Donncha O Luasa.

Ach sciob an bas roinnt mhaith diobh sidd rd luath ar fad, ach m i sciob tháing daoine breatha ina n-áit. Gearóid O Mátharbhiú na gcór, Donncha O Buacháin na gceacht, Siobhán Uí Mhuineachfiin an diograis, Aodhin O Fathaigh an snA23

dcair agus Tomás Ó Gormain na ríomhairí.

Ba mhaith an rud é go raibh foireann mhaith peile ag Baile Átha Cliath ina na seachtóidí agus gur bhua-mar ar Chiarraí agus ar Chorcaigh anois is arís. Bhíodh an craic agus comhrá ag na béilí i gcónaí faoi chúrsai spóirt agus bhí an t-adh liom go raibh Jimmy Keaveney, Barney Rock nó Brian Mullins ag imirt comh maith san ag an am. Ba mhinic a chrádh Eoin Ó Suilleabháin mé nuair a bhuadh Ciarraí ach bhí an seans agam an rud céanna a dhéanamh dó anois is arís.

Agus céard faoi na scoláirí? Is maith is cuimhin liom an uair go raibh breis is sé chéad scoláirí sa Choláiste do chúrsa mhi Iúil. Thugas féin scata buachailli 6 mo scoil féin go Coláiste na Mumhan gach bliain agus bhíodar i gcónaí thar a bheith sásta leis an gcúrsa. Cheistios go minic iad faoi na cúrsaí agus thuigeas uatha gur thaitin comhlúadar a gcomhscoláirí leo comh maith leis na cluichí sa tráthnóna agus na céilithe istóiche. Ba mhór an tarraingt a bhí ag an linn snimha lá samhraidh agus táim cinte gur fhogblaim said roint mhaith Gaeluire ins na ranganna. Rud eile a thaitin go mór leo ná turasanna, siúlóide thart ar Bhéal Áth'n Ghaorthaidh, nó turasanna i mbusanna an Cholaiste go Gleann Garbh nó Beanntraí nó Cill Mhichil. I gconáí fuair a dtuismitheoirí luach a gcuid airgid as ucht iad a chur go Coláiste na Mumhan ar chúrsaí samhraidh. Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Ní bhíonn in aon rud ach seal. Táim bdioch do Dhia gus sheol sé i dtreo Coláiste na Mumhan m i breis agus daichead bliain 6 shin agus gur thug sé an seans dom bualaidh leis an méid sin daoine go dtugaim 'cairde' orthu fós. Laetha dár saol. Ní bheidh a leithéid ann arís.

## Séamus 6 Seaghdha 1908-1973

Fear go raibh mór-bhaint aige le Coláiste na Mumhan thart faoi lár an chéid seo caite ab ea Séamus O Seaghdha, go ndéana Dia Trócaire air. Bhí sé ina Rúnaí ar an gComhaltas tamall sna daichidi – d'éirigh sé as an gcúram san Bealtaine 1948. Bhi sé ina Chathaoirleach nuair a cailleadh é (1973) ach ba mhar Ard-mháistir ar na cúrsaí Samhraidh is mó a bhí Séamus ceangailte leis an gColáiste in aigne daoine. Mar Ard Mháistir Cheard Scoile Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh ab' fhearr a bhi aithne agam féin air, ámh. Bhios im' scoláire lae sa scoil ins na blianta 1948 – 1950 agus im' scollire oiche 'na dhiaidh san. Thart faoin am san leis bhi Séamus ina Chathaoirleach ar Choiste Chontae Chorcaí de Chumann Lúith-chleas Gael. Bhi mór-bhaint aige le bunu na Ceard Scoile a oscail don chéad uair i Meán Fómhair 1939. Dúratas nach mbeadh aon Cheard Scoil i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh muna mbeadh Séamus. I 1945 a thosnaigh sé féin mar Ard Mháistir inti – bhi sé ina Ard Mháistir i gCeard Scoil Mhagh Chromtha roimhe sin.

Bhi buanna faoi leith ag Séamus. Bhí sé dílis 6 chroí don Ghaeilge – labhair sé í gach uair go raibh caoi aige agus ba líofa cruinn soiléir saibhir a shleamhnaigh sí óna theangain. Óráidí den scoth ab ea é le fliodir focal is binneas béil. CC nár chuala riamh é féin ag casadh amhrán bhí grá mór aige don sean-nós is don cheol Gaelach.

"Cdit Ní Dhuibhir", ba mhinicí a thagadh uaidh.

D'eachtraigh sé uair go raibh sé ag siúl siar an bóthar oiche éigin agus gur chuala sé ceol Gallda á sheinm go h-iitidil. Dúirt sé gur tháinig deora lena shdile. Chruthaigh sé seo an grá mór a bhi aige don cheol Gaelach.

Sár-thimire ab ea é i mbaile agus i gcéin. Is mó Feis a d'eagraigh sé don Chonnradh. Bhi sé go h-iontach chun coirmeacha ceoil a chur ar sidl, chun daoine den scoth a chur ar an ardán agus chun pearsantacht mórle - rá Cigin a bheith i láthair. Léirigh sé a lán drámaí, go háirithe an Bunán Buí, agus thaisteal a ghrúpa chomh fada le Rinn 6 gCuanach ins na Déise agus An Corrán i gCiarraí leis na taispeántaisí drámaíochta.

Thart faoi 1928 bhi sé ar dhuine de thríúr a cheannaigh uirlisí ceoil agus cúlaithí Bide thar ceann Bhuionn Píobairí Barra Naofa a bhi á n-eagrú ag an am. I 1954 bhi Éamonn de Valéra i láthair ag lúbhaile Órdha Choláiste na Mumhan. Thug Séamus cuireadh d6 ina dhiaidh san teacht go Béal Átha 'n Ghaorthaidh arís i gcóir deire seachtaine i Mi Márta 1955, rud a dhein sé.

Tréith láidir eile a bhí aige ná go raibh sé ina thúrghráthóir 6 smusach. Bhi an thionchar ag daoine ar nós Traolach Mac Suibhne agus Pádraig Mac Piarais air. Ina óráidíocht thagair sé go minic d'l n-idéalachas agus dá n-aisling d'Éirinn. Ba mhinic 6 ag tagairt do shliocht an Phiarsaigh: "*Éire, ní hamhdin saor ach Gaelach. ní hamhdin Gaelach ach saor*".

Ba mhian a chroí é go n-ainmneofai an pháirc imeartha sa Choill Mhór i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh i ndiaidh Thraolaigh Mhic Suibhne. Deineadh san faoi mar atá leagtha arnach ar an táibléad cuimhneacháin a cuireadh suas in onóir Shéamuis féin, in aice leis an ngeata iontrála. T i na focail ro leanas greanta ar an lioc:

"I mbuan chuimhne ar

Sheamus O Sé

, 1908-1973

Duine de clann mhac na h-dite seo.

Suíodh sí i bhfianaise ar a shaothar saoil ar mhaithe le muintir an cheantair.

Ba é mhian a chroí é go ndéanfaí an pháirc seo a ainmniú i gcuimhne an laoich:

Traolach Mac Suibhne."

Go bunúsach ba threoraí 6 Séamus – bhí an bua sin aige go láidir. Deirtear nach féidir cosc a chur le sár-fhear agus n h-amháin i gcúrsaí nsiunachais a sháraigh sé – más beo mo chuimhne bhí an-bhaint aige le scéimeanna ar nós teacht na h-aibhléise go Béal Átha'n Ghaorthaidh í 1955, agus le bun6 na monarchan cniotála a tógadh uainn go Baile Bhuirne tar éis a bháis.

Ach dá fhaid é an lá tagann an oiche. Sa bhliain 1973 fuair Séamus bás in ospidéal Bon Secours i gCorcaigh. Is cuimhin liom lá a shochraide go reilig Ghuagáin Barra. Thug Mícheál O Murchú (an Gabha Gaelach) óráid sa reilig. Thaisteal Micheil liom féin 6 Áth a' Chóiste go dtí an Guagán an lá úd. Tírghráthóir eile ab ea Micheil.

Is ait an mac an saol. Sleamhnaíonn na blianta ar crapadh na súl. Is deacair a shamhlú go bhfuil sé breis agus leath-chéad bliain 6 chuireas aithne ar Shéamus i dtosach agus t i sé ar shlí na ffrinne le breis is tríocha bliain – solas na bhFlaitheas dB anam.

Laoch de mhuintir na h-bite agus níos sia 6 bhaile ab ea Séamus – tá a leithéidí gann. Maireann a cháil!

### *Donnchadh O Luasaigh (Baile an Chollaigh)*



*Comóradh an leath-chéid 1954  
agus an sciath i lámha Shéamuis Uí Sheaghda.*



*Ocáid stairiúil os comhair an Ostáin i 1966. Ó chlé  
An t-Athair Bernard, S.P., Eamonn DeValera, Padraig  
Oirmh Ó Fianachta & Jamie Moynihan, Cul Aodha*

# Céad Bliain Ag Fas


## COLÁISTE NA MUMHAN AGUS A CHÁIRDE

Eibhlin Ni Luasa

Áit dhifriúil ar fad ha ea **Béal Áthá'n** Ghaorthaidh sa bhliain 1904, an bhliain a tosnaíodh ar **Choláiste na Mumhan**. **Sráidbhaile** bocht iargúlta a bhí ann agus is heag an **teangmháil** a bhí aige leis an saol **Fodhlack** lasmuigh.

**Tháinig** athrú mór, áfach, ar shaol "**sráidbhaile lofa an Bhéarla**" le hund an **Choláiste** – athrú ar shaol sóisialta agus ar shaol eacnamaíochta an cheantair. Feirmeoireacht an t-aon sli bheatha a bhí acu go dtí seo ach le teacht na **gColáistearach** bhí pingíní breise le **déanamh** ag mórán de mhuintir na háite, m.sh. **siopadóirí**, **múinteoirí** agus mná tí a thóg mic léinn ar lóistín.

Sna **blianta** tosaigh deirtear go raihh na mic léinn a **tháinig** go dtí an **coláiste** an diograiseach ag iarraidh an Ghaeilge a **fhoghlaim**. **Ábhar** múinteoirí nó múinteoirí ab ea ana-chuid díobh. An tráth sin bhí **dlúthbhaint** ag lucht foghlamtha na Gaeilge leis na gluaiseachtaí **náisiúnta** a bhí faoi lán tseoil sa tír, m.sh. **Conradh na Gaeilge**, na **h-Óglaigh**, srl. Bhí ainm in áirde ar chuid des na mic léinn sin ag troid ar son saoirse na **h-Éireann** níos **déanaí**.



An tUachtarán de Valera ag dul thar an Garda Onóra, os comhair an tséipéil, nuair a nocht sé an Leacht i 1966

Bead ag caint anois faoi chuid des na fir óga cáiliúla a **tháinig** go **Béal Áthá'n** Ghaorthaidh timpeall an ama seo. Chuala mé m'athair ag caint faoi chuid acu.

Dúirt sé gurbh é Hugh McShane 6 Bhéar Feiriste an chéad **coláistéir** a leag a chos a **Bhéal Áthá'n** Ghaorthaidh. Is minic a **tháinig** Traolach Mac Suibhne go **Béal Áthá'n** Ghaorthaidh. Thagadh sé chun **caidrimh** le tírghráthóirí eile na linne. Faid is a bhí sé in; **Ard Mhéara** ar **Chathair Chorcaí** gabhadh agus **cuireadh** go **príosún Brixton** C Fuair sé bás sa phríosún ar an 25ú Deireadh Fómhair 1920 tar Cís 74 11 ar stailc ocras. Mar ómóir dó ainmníodh an **pháirc** peile sa **tsráidbhaile** ina dhiaidh.

Cara mór eile a bhí ag **Coláiste na Mumhan** ná **Éamonn De Valera**. Bhí sé i **mBéal Áthá'n** Ghaorthaidh don **lúbhaile Órga** sa bhliain 1954. Bhí a lán imeachtaí ar siúl i rith na seachtaine agus **chríochnaíodar** le **ceolchoirm** san Halla. Bhí mór-amhránaithe na linne ar an ardán an oíche sin - ina measc bhí **Séan Ó Síocháin** agus **Caitlin Watkins**. Bhí De Valera ag bronnadh duaiseanna ar **ógánaigh** a bhí ag glacadh páirt i **gcomórtaisí** aithriseoireachta, ceoil agus rince. Bhí **slaghdán trom** ar De Valera an oíche sin.

Níor thug De Valera **cuaire** arís ar an **gColáiste** go dtí 1966. Bhí sé anois ina **Uachtarán** ar thír na h-Éire ann agus bhí radharc na sáil ag teip air. Nocht sé **plaic** ar fhalla an **óstáin** - plaic in onóir do cheannairí na **Cásca**, 1916.

Ná déanaimis dearmad ar chuairoteoir eile - Piaras Béaslaí, file agus tírghráthóir. Nuair a bhí seisean i bpríosún Brixton bhi sé ag smaoineamh ar Choláiste na Mumhan. Shamhlaigh sé go raibh sé ag éisteacht leis na micléinn sa Ghuagán agus go raibh siad ag caint faoi:

*“Bhí Gaeilge is spórt ag cóip on gColáiste.  
Bhi cuid acu ng trácht ar an lá a bhi acu  
Anuraidh ar fán de bharra na maoilcnoc  
Dúirt ciabhfhionn beag deas go cneasta caoinbhog,  
“Bhí Piaras ‘nár measc. Is maith is cuimhin liom’”.*

I bhfad nios déanaí sa bhliain d'oscail an Taoiseach, Seán O Loinsigh, an linn snámha ar an mbóthar go Rt na nDoirí.

Ba liosta le h-aireamh na cuairteoirí a tháinig go Coláiste na Mumhan. Ni luafaidh mé ach fear amháin eile - Bob St. Ledger - Meiriceánach a tháinig sna seascaidi. Ni raibh focal Gaeilge ina bhéal nuair a tháinig sé. Shuigh sé ag bun ranga an feadh miosa. Ag deireadh na miosa bhi ar a chumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge gan stró ar bith. Nuair a d'fhill st ar Mheiriced scríobh sé litir Ghaeilge ar ais go dti mo dheartháir agus ni raibh oiread is botún amháin ann.

Fágaimis na cuairteoirí cáiliúla idéalacha seo ar feadh tamaill. Bogaimís ar aghaidh go 1922. Bunaidh Saorstáit Éireann sa bhliain sin. Bhi Rialtas ddchais againn agus go luath ina dhiaidh sin tháinig an Ghaeilge *éigeantach* isteach don Ard Teist. Mar gheall ar sin tháinig na scoláirí dara leibhtal ina gcéadta go dti na Coláistí Sarnhraidh. Sna seascaidi shroich Coldiste na Mumhan buaicchéim 6 thaobh uimhreacha de. Bhí thart ar 600 mac léinn ag freastal ar chúrsa Mi Iúil agus an lion céanna i Mi Lúnasa. Bhi gleo agus beocht i rith an tSamhraidh. Bhíodar chomh líonmhar le cuileanna Fómhair.

Bhímísne, ógánaigh na háite, ag tnúth go mór leis na déagóirí seo mar bhi an faisean agus na geáitsí is déanaí acu. Bhíodar i bhfad nios sofisticúla agus níos dána ná mar a bhiomar. Áfach, bhí eagla orainn roimh *teddy boys* Bhaile Átha Cliath.

Ní raibh aon bhaint díreach agam le Coláiste na Mumhan ach shuifinn ar Charraig an Radhairc ar chúil na sráide. Bhí ar mo chumas gach ní a fheiscint agus a chloisint mar bhios díreach ar chúil na Céard Scoile agus an Halla.

Is cuimhin liom bheith ag tisteacht le Séamus 6 SC, ardmháistir, ag caint ag oscailt oifigidil gach cúrsa. Bhi guth árd soiléir aige agus tuin ghalánta air. Oráidí den chlad scoth ab ea é agus a chuid Gaeilge chornh binn le ceol na cláirsí.

"Ta súil agam go mbeidh saoire thaitneamhach, saoire thairfeach, saoire Ghaelach agaibh", ar seisean.

Chloisinn an rang amhránaíochta chomh maith agus ag deireadh na miosa bhíodh na hamhráin go léir ar eolas agam: *“Amhráinín Siodraimín Sioskram Só, Na Cleaganna, 7rl”*. Bhi amhráin speisialta ag Coláiste na Mumhan.

Cuid de rialacha an Choláiste – Bhi dualgas ar gach mac Itinn freastal ar Aifreann leath huair tar Cis a hocht gach maidin. Bhíodh an séipéal lán go doras, na buachailli ar thaobh na láimhe clé agus na cailíní ar thaobh na láimhe deise – mantilla ar a ceann ag gach cailín. Gan amhras bhíodh Aifreann speisialta ar a deich a chlog gach Domhnach. Bhíodh an séipéal lán arís don Choróinn Mhuire ar a h-ocht gach tráth-nóna. D’fheicfeá cdpla pleidhici ag iarraidh éalú 6s na paidreacha ach bhí sé deacair mar bhíodh na múinteoirí ar a dtóir.

Théadh beagnach gach mac léinn ar Faoistin um meán lae ar an Satharn. Dá bhti sin bhíodh scuaine fada lasmuigh de bhosca na Faoistine. Is minic a thóg na mic léinn raic mar bhídís mifhoighneach ag feitheamh. Is minic a thagaidís salach ar an sagart óg a bhi ag iarraidh Cisteacht sa bhosca. Is mór idir inne agus inniu.

Shleamhnaigh na blianta thart go tapaidh agus anois tá rialacha nua sláinte agus sábhaltachta á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre. Tí caighdeán níos airde sna tithe lóistín, ar an mbóthar 7rl. Tí linn snámha anois in ionad snámh san abhainn agus tí múinteoirí agus garda tarrthála i bhfeidhil. Tá aiseanna breátha spóirt, m.sh. páirc peile, cúirteanna leadóige agus cispheile 7rl.

Tá nithe áirithe nár athraigh in aon chor. Tá na ckilithe fós ar sidl gach oiche san Halla. Dá mbeifeá ag siúl siar an bóthar chloisfeá Nóirín ar an mbosca ceoil agus múinteoir Cigin ar a sheacht ndícheall ag iarraidh na céimeanna a mhuineadh.

*"Isteach is amach a haon do trí".*

*"Isteach is amach a haon do trí".*

*"Isteach is amach a haon do trí".*

"Ni bhionn in aon rud ach seal" a deirtear ach tá céad bliain slánaithe ag Coláiste na Mumhan. Is é mo ghuí go leanfaidh sí i bhfad.

*"Go raibh sonas is só  
Ins an tsráidbhaile bhig  
Go raibh solas na Glóire  
Go deo ins gach tig*

*Go raibh teanga a sinsear  
Go beo ar a ngoib  
Á spreagadh ag muintir na hdite."*



*Do réir deallamh, nílid, 'standing idly by' tar Cis do Jack an Linn Snámha a oscailt i 1966*

# LAOCH TEANGAN AR LÁR

## MAITIAS O LUASAIGH

(Seanchaisa Choláiste)

(Ball de Chomhaltas an Choláiste 193 - 1957)

*A Bhéal Átha'n Ghaorthaidh, do thacaíocht léanadh,  
Shnap do réiteach ar imeall róid,  
Tráth claiódh le déanaí faoi shaigheadaibh éaga  
Id túrlár féinig do chaoín-chaomhnóir.*

*Maitias Gaelach Ó Luasa traochadh  
I mbarr a réime is a mhaitheas mhór;  
Máistir léinn ghlain is treoraí tréitheach  
Do chosain craobh duit le dúthracht deoin.*

Thairg bás obann Mhaitéis Uí Luasaigh le déanaí, máistir scoile an Ghaorthaidh, scamall bróin agus fal-laing éagcaointe de dhruim pharóiste Úibh Laoghaire 's leathnaigh a dubha-néalta thar ghleannta 's maolchnoic Mhúscraí uile nuair a chualathas ann go raibh an curadh Gaelach so sáite le saighde éaga chomh luath san ina shaol – “Solas na bhFlaitheas dá anam agus leabaidh imeasc Naomh d6, ár nguí.”

Ar Drom an Ailthigh a rugadh agus a tógadh Maitias i ndeireadh thiar na haoise seo a ghaibh tharainn. Tógadh le Gaelainn agus le Gaelachas é ar urlár cistineach ti a athar agus a mhuintire. Chuala sé mion-phaidreacha na maidne agus Coróinn Mhuire na hoíche á ngabháil de dhruim a chliabháin i mbréithre binne, cneasta a mháthar agus a áintín. Chuala sé ar thaobh tinteáin, 6 lucht scoraiochta, scéalta agus laoithe Fiannaíochta agus conas culaith a chur ar ghaiscíoch. Is mó san áiteamh, aighneas agus díospóireacht throm a deineadh trasna urláir a athar ar laethe an Land League agus ar thíorántacht tiarnai tacair agus talún. Agus i dteas na hargóna dhóibh, cárb ionadh leathadh Mil ar Mhaitias ag breathnú ghnúis na bhfear san agus ag éisteacht leis na caisí caobhacha Gaelainne a scinneadh 6 bhkalaibh na cuideachtan chomh cuthaigh, tréan san leis na glaisi gléineacha a deineadh iad féin a raideadh de dhruim carraigreacha's caidhskaracha Seithe agus Dubh-Choille thall, á stealladh féin gan faesamh fan sleasa an tsléibhe anuas go harda Laoi 's go hísleáin Locha Lua.

I mBéal Átha'n Ghaorthaidh agus i gCéim an Fhia thiar a fuair Maitias a chuid bunscolaíochta, agus i gColáiste De La Salle a bhain sé a bheartas múinteoireachta sa bhliain 1920.

Chaith sé aga gearr ag múineadh i Luimnigh ar theacht 6n gColáiste dhó agus ceapadh ansan é ina phríomh oide i gCill na Martara, mar ar chaith sé na blianta fada:

*“Ansúd in a dharann ag teagasc na céadta  
Le haisce on Aon-Mhac chun neartaithe leo,  
Chun intleacht 's aigne ar leanbh do shaoradh  
On ainbhíof saolta dob' eaglach dóibh.”*

D'aistrigh sé siar go Béal Átha'n Ghaorthaidh ceathair nó cuig de bhliantaibh 6 shin ach ba bheag é tuair-im mhuintir an Ghaorthaidh agus iad ag ceiliúradh caithréime a theachta go sciobfai chun cille uatha chomh tapaigh san 6.

Cúltaca don Chonnradh ab ea é amuigh agus i mbaile, ball gníomhach de Choiste Choláiste na Mumhan agus seanchai fuirbhthe sa Choláiste le triocha éigin blian. An sraith cláracha do craoladh le déanaí 6

Radio Éireann – *Scéal Shéadna* – is fé Mhaitias a fágadh an phríomhpháirt – páirt Shkadna – agus ba chruthanta a thug sé leis é.

Foiríor géar nár ceadaithe dhó na cláracha san a thabhairt chun críche. Ach dé bheatha Grásta Dé. Ní chloisfeam uaidh an port crónáin úd go deo. Ní chanfaidh óna chaoibheola, "*Greadadh 's duais ort, a chail-Eigh ruainnigh*", níos mó.

Comhbhrón anois dá theaghlach uile, dá bhaintrigh chaoibh 's dá thriúr clainne.

**AN SUIBHNEACH MEANN" do scríobh agus do chraolaigh ó Radio Éireann.(Feabhra 1957)**



Maitias Ó Luasaigh i mbun scéalaíochta os comhair an tsean-choláiste.

Tosach 6 chlé: Dónal Ó Lúasa, Fionnbarra Ó Múineacháin, Dónal Ó Duinnín, Donnchadh Ó Luasaigh, Seán Ó Tuama.

Lué ó chlé: Val Ó Mocháin, Diarmaid Ó Mathúna, Pdraig de h-Íde, Conchúr Ó Seitheacháin, Séamus Ó Luasa, Finín Ó Céilleachair, Diarmuid Ó Cróinín.

An Br O Briain, DeValera, Maitias Ó Luasaigh agus Séamus Ó Seaghdha i 1955.



## Mar ar chuaigh an Coláiste i bhfeidhm ar dhuine óg de mhuintir na h-áite



*Na Céimeanna, a thaitin le glúin i ndiaidh ghlúin des na scoláirí*

Is iomaí duine a fuair a chéad phóg nó a briseadh a chi-oi don gcéad uair i gColáiste na Mumhan –mé féin san áireamh. Fad6 fad6, nuair a bhios im'gearrchaile óg ag súirí le duine de bhuachailli na h-áite i Mí Iúil nuair a thosnaigh sé ag obair sa Choláiste mheall na cailini áille 6 Bhleá Cliath é agus briseadh mo chroí. Ní raibh ansan ach aon eachtra amháin trom-chroíoch. Gach cuimhneamh eile bainteach le Coláiste na Mumhan táid greannmhar, taitneamh, tairbheach. Chim anois mo chlann fkinigh ag baint an méid sin sult agus sásamh as Coláiste na Mumhan. Don aos óg ar fad mórthimpeall an cheanntair bionn dlúth – bhaint ag an gColáiste leo. Ag tosnú leis an naíonra t i seomraí curtha ar fail ag Coláiste na Mumhan dó ar feadh cuig bliana fichead agus seirbhís iontach á thabhairt tré mheán na Gaeilge. Fágann gach leanbh le tuiscint mhaith agus cumas labhartha maith Gaeilge acu.

Is ar éigin go bhfuil aon duine faoi bhun seacht mbliana nach bhfuil siar a chumas snámh. Bíonn an Linn snámha ar oscailt gach lá sa Samhradh do mhuintir na h-áite, idir óg is aosta, ar chostas an-íseal. De bharr Cholaiste na Mumhan tá dhá linn snámha ann. Iad téite, agus maor tarrthála i láthair ag coimeád súil gear ar rudaí. Ní bhíonn ar mhuintir na h-áite a bheith ag dul chun na h-abhann (áit a fhéadfadh a bheith contúrtach) nó ag dul cois trá gach lá. Sa tráthnóna, tar éis an tae –na Céilithe. Is ann a bhíonn an sport ceart. Bíonn céilí ar siúl gach oíche agus foghlaimaíonn gach éinne na rinnci bunúsacha, rud a sheasann leo nuair a bhíonn said fásta suas. Cantar Amhrán na bhFiann ag deireadh gach céilí. Deintear cáirdeas idir na cuairteoirí agus muintir na h-áite agus tá sé seo coimeadta suas ag roinnt acu. Bíonn an Halla ar fail don naoi mí eile den bhliain do mhuintir na h-áite nuair atá sé ag teastáil mar shampla do ranganna rinne nó don Chlub Óige agus rí. De bharr go mbíodh na scoláirí a bhíodh ag freastal ar Choláiste na Mumhan ag fanúint i dtithe an cheanntair agus an sloinne céanna ag muintir tithe difriúla níorbh fholair dóibh ainmneacha a chur ar a dtithe chun idirdhealú a dgeanamh eatarthu-ainmneacha mar Dhún an Óir Tigh a' Chúinne, Tigh na Croise, Ard na Linne Ros a' Lua agus rí.

Bhíodh hreis is 600 scoláire timpeall in aghaidh na míosa 'sna 70 dai agus an t-uafis postanna samhraidh mar thoradh ar sin do mhúinteoirí, cúntóirí, do mhná ti d'fhreastalaithe ins na tithe, do bhúistéir, do oibritheoin i dtithe tithaime agus in ostáin aus i mbialanna. Is iomaí clann go bhfuil tithe breatha acu le buncanna, le doirtil agus cithfholcadáin ins na seomraí acu – a bhuíochas san do Choláiste na Mumhan agus is mó bean a deireadh nach mbíodh aon easnamh ar a clann don ngeimhreadh de bharr cabhair ón gColáiste.

Níor ritheadh Coláiste na Mumhan le cead bliain gan obair fhíor – dheacair á déanamh ag daoine. Tá an iarracht agus an obair chéanna fós á dhéanamh inniu. Tréasláim libh agus leanaigí oraibh lenbhúr ndea –obair ar son na Gaeilge. Ní neart go cur le chéile

Jane Airy

# Iubhaile Órga Cholaiste na Mumhan 1954

Trí shúile iar-scoláire – Seán O Coileáin

I laethanta geala sona no hóige fuaireas scoláireacht G.A.A. go dtí Coláiste na Mumhan, Béal Átha'n Ghaorthaidh – Lúnasa '54; “Cá bhfuil Béal Átha'n Ghaorthaidh?” Arsa mise agus mé ar bhruch na farraige 6 dheas, “I bhfa 6 thuaidh thar na cnoic,” an freagra a tháinig. Chun scéal gairid a dhéanamh de landáladh 6 thuaidh mé I gcar Paddy Casey agus mo thuismitheoirí im' theannta (Bhi suim ag m'athar bualadh le sean-chàra leis – An tAth. Aodh O'Neill S. P. – sean aithne acu ar a chéile óna laethanta san arm “fado”

Ba léir, chomh luath agus a leagamar cos inti go raibh rud éigin speisialta ar siúl san áit. Bhi “buzz” sa tsráid agus alán daoine mór-le-rá ag bogadh timpeall – cultacha breátha agus cuma na huaisleachta orthu, - Ní raibh aon mhoi ar Shéamus Ó Sé fáth an fhústair a chur in iúl dá scoláirí. “Ceiliuradh Iubhaile órga Bhunú Choláiste na Mumhan i 1904,” a bhí ar siúl agus b’shin faoi ndear an tabhairt amach seo go léir a bhi ar siúl. –

Ar son na staire de – b’fhéidir nárbh aon díobháil é ainmeacha roinnt daoine “a tháinig anuas” don gceiliúradh ríomhadh anseo. Ar an gcéad dul síos bhí daoine a raibh dlúth-bhaint acu le bhunú an Choláiste sa bhliain 1904 mar atá: Liam de Róiste (céad rúnaí an choláiste), An Fear Mór, Fionán Mac Colm, Domhnall O Ceocháin, Seán O Cuill, Máire Ni Chuill, Seán O Coinleachiin agus Eibhlín Ní Chróinín. Bhí daoine eile ann a fhreastal ar na céad cúrsaí i gColáiste na Mumhan. Orthu siúd bhí Aodh O Tuama, Treasa Bean Uí Shúilleabháin, an tOllam Cormac O Cadhlaigh, Brian O Caoimh agus an Seanadóir Séamus Ó hAodha. I láthair, chomh maith, dar ndoig bhí An tAire Oideachais, Risteard G Maolcatha – (a chaith treimhsí fada i mBéal Átha'n Ghaorthaidh ag baili sean-amhrán agus seandálaíochta). Bhí sagart paróiste Uibh Laoire, An tAth. Aodh O Néill – go mór chun tosaig ina measc – fear uasal Gaelach den scoth, Dar ndóigh – idir an dá linn – bhi “ar muintir féin” – Séamus O Sé, Séamus Ó Críodáin agus Aindrias O Scannaill go broidiúil i mbun gnóthaí an Choláiste ag iarraidh dhá chéad scoláire eagrú agus cúrsa Gaeilge a chur ar siúl.

Fear a chuaigh i gcion go mór orainne, scoláirí, an chéad tseachtain sin ná An Dr. Ró-oir, Tadhg O Mongáin Easpag cunta Los Angeles. Fear de mhuintir na háite – a rugadh agus a tógadh sa tsráid i mBéal Átha'n Ghaorthaidh agus a bhi anois ar an Easpag Caitliceach is óige ar domhan. Is cuimhin liom é á rá linn sa rang gurb í an Ghaeilge taisceadán oidhreacht agus coltúr na nGael. Blianta 'na dhiaidh sin chuaigh Séamus G Sé, Bean Uí Éalaithe (Bean an tséipéil) agus scata de mhuintir na háite sall’ dtí an Róimh nuair a oirigh an Pápa ina Chairdinéil é.

Ar an gcéad Domhnach dúinn ar an gcúrsa (86) i searmanas speisialta tar Cis Ard-Aifrinn sa séipéal, nochtaigh A tEaspag G Mongáin leacht os cionn doras an chéad choláiste. Bhi slua mór i láthair na scoliin ina measc. ‘Sé deir an scríbhinn ar an leacht sin ná: -



“1904 – 1954: Nochtaidh an leacht seo ar an 86 lá de Lughansa 1954 ionas go mbuanófar cuimhne an lucht stiurtha, an lucht teagaisc agus a lucht foghlama a bhi páirteach sa obair i dtús ré Choláiste na Mumhan d’osclaíodh san árus seo ar an 46 d’Iúil 1904. Mairfidh a gcáil.”

Rud eile is cuimhin liom faoin gcéad tseachtain sin ná an musaem a bhí

Séamus Ó Seaghdhe, R. Ó. Maolcatha, An T-Athair Ó Néill, An Seanadóir Séamus Ó hAodha, Aindrias Ó Scannaill.

An t-Easpaig 6 Mongain ag  
nochladh an leachtá i Sean-  
Choliste na Mumhan 1954

Examiner



Scoil na mBuachaillí – (an ait ina bhfuil an siopa ag Frank agus Eibhlín Uí Dhuinnin anois.) 'SC an rud is suntasaí is cuimhin liom i measc na n-iarsmaí a bhí ann ná fáinne 6ir Thraolaigh Mhic Suibhne – fear a raibh dluthbhaint aige le Béal Átha'n Ghaorthaidh agus a chuir snas ar a chuid Gaeilge i gColáiste na Mumhan. Ní déanfar dearmad ar a ainm fad a imreofar peil agus iomáint ar an bpáirc imeartha I mBéal Átha'n Ghaorthaidh – i.e. Pdirc Thraolaigh Mhic Suibhne.

Nuair a gheall an Luan bhí na cuairteoirí ar fad imithe agus ní raibh flghta ach sinn féin. Lean an cursa ar aghaidh go rialta – Séamus O SC ina Ardmhaistir, Séan 6 Críodáin ina Rúnaí agus Aindrias Scannail ina chathaoirleach. O éirí dúinn ar maidin go dtí dul a chodladh san oíche bhimis ag baint lán-taitnimh as an saol. Aifreann ar a 8.30 (agus gan aon "lagers"!), Bricfeasta ansin agus ranganna ar a deich – Thiar sa cheard scoil a bhimis leis na "lads" mbra. Is cuimhin liom na múinteoirí a bhí againn amhail is d l mba inné 6: -

Séamus O St (Paidreacha!)

Seán Ó Muirthe (Foghraíocht na Gaeilge)

Conchur O Tuama (Drámaíocht)

Siobhán Ni Mhuimheachlin (Seanfhocail 'gus tréidí) – atá go brel lliidir agus ina sláinte fbs, bail 6 Dhia uirthi – Gura fada buan tú a Shiobhán (Bean Uí Chéitinn)

Diarmuid O hAlmhain (Amhráin agus Ceol.)

Bhíodh deireadh le ranganna ar a dó agus mise á rá leat go mbíodh airc ocras orainn don dinnéar faoin am sin. Tar éis dinnéir thugaimis aghaidh ar an mbóthar siar go dtí Inse 'n Fhosaigh (nó Carraig) lenár ngiúrléidí peile agus iománíochta. I bpáirc taobh thiar de Thig Uí Laoire ("Bun Coille") a bhí an faiche peile an uair sin agus ba mhó tráthnóna sona a chaitheamar ann.

Tráthnóna eile théimis ar shiúlóid le Seán 6 Muirthe nó suas go dtí an chros le Siobhán Ni Mhuimhneacháin nó Conchur 6 Tuama, nó b'fhéidir ar thuras staire le Séamus O SC nó Seán de Nais. T i cuimhne mhaith agam ar oráid a thug Seán ddinn thuas in Acharas ar chúl-troid Uí Shúilleabháin Béarla – agus mar a chuir an slua futhd san ionad sin don chtad oíche ar a dturas 6 thuaidh.

Ar na tráthnóna gréine bhíodh snámh againn san "linn" – poll oirúnach in abhainn na Laoi thíos ar an inse taobh thiar den Ghrianán. T'reis taitneamh an lae bhogaimis i dtreo an bhaile agus shúimis ar an gclái os comhair an óstáin – costúil leis na gamhna ag fanacht leis an mbia.

Tar éis an tae ghlanaimis suas agus chuirimis slacht orainn féin chun dul i gcion ar na cailíní ag an gcéilí. – Ach roimh an chéilí ní raibh rogha againn ach dul i dtreo an tséipéil – mar ar thug Séamus 6 Sé an Chorbin Mhuire amach ar a 8.30 p.m. go poncúil. "Dancing the night away" ansin san sean-halla go dtí 10.30 a.m. Conchur 6 Tuama ina fhear a' ti agus nár mhaith chuige é. Ní chuirfeá cos ar strae i ngan fhios d6. Dónal 6 Céilleachair go prionsabálta ar an mbosca ceoil – é suite leath-sli san halla. Ba mhó scoláire a dhamhsaigh dá cheol go ceann na mbliana fada 'na dhiaidh sin – go dtí gur lion a iníon Nóirín a bhróga go cumasach. Beannacht Dé lena anam uasal ceolmhar.

Abhaile **ansin** – **bainne**, **ceapairí** agus **codladh!**(mar dheadh!) – "Some things never change," Bheadh sé **deacair** don aos **óg** an sean seomra-fada a **shamhlú**, seomra mór **leathan** - dion iarainn – meascán de leapacha single agus **dúbailte** ann – Ni raibh aois ná "**mbunks**" **tagha** go **fóill!** Is m6 "**raicéad**" a bhíodh sa seomra sin – go dtí go las-fadh **Seán O Críodáin** nó **Aindrais tóirse** i lár an tseomra i ngan fhíos – agus gheobhaimis flip de bhata trasna na **gcós** – a bhainfeadh an teaspach dinn gan mhoill.

**Shleamhnaigh** na laethanta – mar is **gnáthach** le laethanta sona a dhéanamh. Ag druidim le deireadh an chursa tháinig muintir **Radio Éireann** anuas agus chuireadar clar radio le **chéile** ar imeactaí an chdrsa. "**Léann** agus **Laeth** Saoire" an t-anim a bhí air; **scoláirí** a'tabhairt cúntais ar **ghnéithe áirithe** den gcúrsa. Dheineadar taifeadhadh **freisin** istigh i dtigh **Seártan**. Fanfaidh an pictiúr go deo im chuimhne: Eibhlin agus **Mairéad Seártan** – in aois a **cearthair** nó a **cúig dóibh** ina seasamh ar an gcúntar ag **Séamus O Sé** agus "**An Capaillín Bán**" á chanadh acu. N'fheadar an bhfuil an téip sin fós ag **R.T.E?**

**Bhuel** – Is m6 cor a chuireann an saol de. T i caoga bliain fada imithe ósna laethanta sona sin. Faoi mar a ddin duine **éigin**: - "Bionn sé ina shamhradh i gconai i ngáirdín an chuimhne," Is dócha go ndéanaimid maisiú ar na **cúimhní** cinn le h-imeacht aimsire.

Td **furmhór mór múinteoirí** na linne sin – agus fiú roinnt **scoláirí** – imithe ar **Shlí na Fírinne** anois. Is mó athrú atá taghtha ar **Bhéal Átha'n Ghaorthaidh** agus ar a muintir le caoga bliain anuas. Td an seandream ar fad imithe – **líon** fainn leabhar dd n-ainmneoinn iad. I bhfocail an **amhráin**: "**Tá na seanóirí** ar fad imithe agus an taos óg éirithe sean" – Daoine iontacha – ba **mhór** an phribhléid dom aithne a bheith agam orthu go léir. Go Lonrra solas **Dé** orthu. **Bímis dílis dá gcúimhne** mar – i bhfocail an Oileinaigh – Ni bheidh a leithéidí arís ann.



*An lucht foghlama 1954 – Ca bhfuilid anois?*

*Múinteoirí: -An líne tosaigh: ó chlé: - Seán de Nais, Séan Ó Muiríthe, Sean O Críodáin (Rúnaí), Nina Ní Dhuinnín, Eoin Mac Cuirtín, Siobhán Ní Mhuimhneacháin, Aindrias O Scannail (Cathaoirleach), An Dr. Ró-óir. Tadhg Ó Mongáin, (Easpag cúnta Los Angeles), Séamus O Sé (Ardmháistir), Conchúr O Tuama, Séamus Ó Súilleabháin.  
Ina suí chun tosaigh: - S. O Spealláin agus Prionnsias Ó Conluain (Radio Eireann).*

# ÓRÁID COIS UAGHA

## SEAN O CRÍODÁIN

(Rúnaí an Chomhaltais 1948 – 1995)

*(a thug Donnchadh O Luasaigh, Cathaoirleach an Chomhaltais)*

A Mhuintir Chríodáin, agus a cháirde,

Agus sinn bailithe le chéile annso inniu, agus ár gcara, Seán, ag dul fé chre sa chill, iarradh ormsa cúpla focal a rá chun slán a chur leis

Ní mise an té is fearr, ná an té is oiriúnaí, don ghnó mar, cé go bhfuilim críonna mo dhóthain, baineann Seán leis an nglúin a tháinig romham. Is fearr d'aithne, ceapaim, a bheadh ag m'athair agus ag Seán ar a chéile ná mar a bhi agamsa agus ag Seán ar a chéile. Agus ag an am gcéanna, braithim go raibh aithne agam riamh ar Shean.

O tháinig ann dom, is cuimhin liom Seán a bheith ag teacht chun an ti chughainn chun gnó éigin a bhain le Coláiste na Mumhan a phlé le m'athair- 6 féin agus Séamus O Seaghdha, Pádraig O Suibhne agus Eibhlín Ní Chróinín –Beannacht D6 leo go léir – agus féach go bhfuil triúr den gcúigear san i gcomhlúadar a chéile an i gcre na cille seo.



Dar ndóigh, bhi sé de phríbhléid agam aithne níos fearr a chur ar Sheán in imeacht na mbliain - ar dtúis, nuair a deineadh múinteoir óg díom, thug sé féin agus Séamus Ó Seaghdha isteach i gColáiste na Mumhan mé ag mdinteoireacht agus, níos déanaí fós, nuair a ceapadh ar Chomhaltas an Choláiste mé.

Dúirt scríbhneoir éigin, agus é ag cur síos ar an Athair Peadar, go mbíodh sé, "borb le tréan agus séimh le fann". Chuimhníodh ar sin inné ar an dtórramh i gcomhthéacs Sheáin, ach difríocht a bheith ann – bhí Sean i gcónaí, as m'aithne air, séimh, lách le gach Banne – tréan no fann. Bhi an-omós ag Seán dá chomhdhaonnai – láidir no lag – agus bhi omós dá réir ag gach duine dó. Níor airíos-sa riamh, drochfhocal ar éinne 6 bhéal Sheáin. Fid, daoine a bhíodh in earraid leis, an focal fóna a bhíodh aige fúthu agus é ag caint ina dtaobh. Dá réir, níor airíos riamh, ach chomh beag, ach an focal molta ag gach aon duine ar Sheán.

Tá Seán molta dá mbeinnse im' thost.

Ní ceart ddinn an ball so a fhágaint inniu gan smaoineamh ar an ngrá bhan, doimhin a bhi ag Seán dá áit dhúchais – Béal Átha'n Ghaorthaidh. An grá san fé ndeara dhó filleadh inniu orainn dá adhlacadh; an grá san fé ndeara dhó, 6 d'fhág sé tigh Thaidhg Mháire Hugh ar Inse an Fhosaigh, gach saoire Samhraidh a chaitheamh in ár measc; an grá san fé ndeara dhó leathchéad bliain a chaitheamh ag fónamh do Choláiste na Mumhan, ina Rúnaí ar an gComhaltas – an grá san agus a ghrá don Ghaeilinn.

Is mó duine, cáiliúil agus gan a bheith cáiliúil, idir chlér agus thuath, a chaith tamall chun fóinte an Choláiste ach is fíor a rá gur deineadh le linn thréimhse rúnaíochta Sheáin oiread agus a deineadh sna blianta roimis sin le chéile – agus ní ag baint 6 ghaisce ná 6 ghaiscigh na mblianta san atáim. I dtréimhse rúnaíochta Sheáin tógadh sé seomra ranga déag; cuireadh le, agus ar ball, atá tógadh halla an Choláiste. Sa tréimhse seo a tógadh an linn snámha, na cdirteanna cispheile agus leadóige, a ceannaidh an Pháirc peile. Forbairt na n-áiseanna seo a chabhraigh ag an am le Coláiste na Mumhan a chur chun tosaigh ar Choláistí Samhraidh uile na hÉireann, gradam atá go fóill, fós inniu aici, creidim, go hiiirithe 6 thaobh áiseanna dhe. Sa tréimhse seo leis a ceannafodh, ar dtús, Tig na mBan agus le déanaí Scoil na gCailíní taobh leis. Cóiríodh amach an dá fhoirgneamh ina suainleasa le cistineacha agus a dtéann leo chun iostas iomlán a

chur ar fáil do na macaibh-léann – beart a bhí fadradharcach go maith ag an am mar, gan an t-iostas san bheith inniu againn bheadh Coláiste na Mumhan fén bhfód roimis Sheán : ní ag faire ar Chomóradh a Chéid a bheimis!

Dosaen nó fiche éigin scoláire a bhíodh ag freastal ar Choláiste na Mumhan nuair a iompaigh Seán isteach ar an rúnaíocht – go deimhin ar éigin arb ann do chdsai '48.

Nuair a thosnaíodh sa Choláiste i 1965 bhí an fhigiúir sin arduithe go 600 – ar gach cúrs – 1,200 ar fad. Cuir leis sin an lion a fhreastalaíodh ar an gcúrsa speisialta a bhíodh ag na Bráithr. Críostúla i mí an Mheithimh - ní beag é sin de theist ar an méid a deineadh fé stidir Sheáin, ní hamháin do Choláiste na Mumhan ach, do Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh. Dob ionann do Sheán forbairt Choldiste na Mumhan agus feabhas eacnamaíochta Bhéal Átha'n Ghaorthaidh.

Beidh cuimhne go fóill agam ar an sásamh aigne a bhíodh ar Sheán i dtosach aon chúrsa nuair a bhíodh mar a deireadh sé, "gach leabaidh lán". Ba throm an cúram ar Cinne é bheith freagrach as 1,200 déagóir B'shin an tarna sásamh a thugainn fé ndeara ar Sheán, i ndeireadh gach cúrsa, as mo aithne air 'gach leanbh imithe abhaile slán." An triú sasamh a gheibheadh sé ná go mbíodh airgead caite agus tuillte agus fágtha i mBéal Átha'n Ghaorthaidh.

Fhaid agus a bhí Seán i mbun chúrsaí Choláiste na Mumhan, agus dar ndóigh i mbun a chúram mdin teoireachta i Rath Péacáin, is féidir a rá nár dhein sé riamh faillí i gcúrsaí baile. De theist ar sin an clann breá, lionmhar a thóg sé féin agus a bhean, fona, gur i gColáiste na Mumhan a céad casadh ar a chéile iad. Tá's againn go léir, cé gurb duine 6 Séan ná labhradh ar chúrsaí pearsanta, gur dhein sé gach dicheall chun aire a thabhairt dóibh agus fóint orthu. Léiríonn an toradh an saothar – ní gá dhúinn ach féachaint orthu annso inniu, de theist air.

Seasann amach i m' aigne an chomhairle a chuireadh Seán ar mhúinteoirí an Choláiste – a bheith ciallmhar agus a bheith i gcónaí deas leis na "leanaí" (mar a thugadh sé orthu) a bhi de chdram orainn. Nach dtaispeánann an chomhairle sin uaisleacht an fhir? – a uaisleacht mar dhuine? a uaisleacht mar mhúinteoir. Sin, dar liom, an phríomh-oidhreacht atá á fhágaint ag Seán againne, mdinteoirí go raibh de phríobhléir againn a bheith féna stiúir: bímís cneasta leo san a thagann in ár gcúram; bímís ciallmhar. Ni haois droch-chomhairle í – d'aon daonnai.

Thar ceann Chomhaltais Choldiste na Mumhan, na múinteoirí, na hiarscoláirí atá annso agus a bhi ar a dtórramh, an staf ar fad a bhíonn fostaithe againn, na mná ti agus, b'fhéidir, thar ceann muintire Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh gabhaim comhbhrón go foirmeálta ní hamháin lena chéile, fona, ach lena gclann ar fad in mbris.

Ana-chomhluadar ab ea Seán agus is iomaí scéilín a bhíodh aige fés na daoine atá luaite cheana agam atá annso sa chill – Séamus O Seaghdha, Pádraig O Suibhne, An Táilliúr agus, ach go háirithe, Ainstí. Is mé an spórt agus an cipadáríl a bheidh ar siúl acu fdinn – agus os ar gcionn. Suaimhneas síoraí dóibh ar fad.

Ti Seán annso anois sa chre ab annsa leis.

Slán leat, a Sheain! Leaba i measc Gael-Éireann dhuit dr nguí.

## Focal ón Eagarthóir

Cdis mhór áthais agus bhróid do Choláiste na Mumhan Comóradh seo chéad bliain a Bhunaithe. Iarracht an leabhrán seo ar bhlas an chéid bhliain bhláthmhair a thabhairt d'ar n-ioliomad cáirde agus tá súil again go mbainfear taitneamh as bheith ag dul siar ar bhóithre na smaointe. Ba mhaith liom mo bhuiochas pearsanta a ghabháil leo san a scríobh na h-altanna, leo san a sholáthraigh griangrafann agus leo san a chlóbhuail na láimhscríbhíní agus a chuir in oiriúnt don fhoillsitheoireacht. Ní foláir dom mo bhuiocha a ghabgáil le baill an Chomhaltais as ucht a gcabhrach agus a gcuid moltaí.

Is mithid a chur in iúl dár léitheoirí nach stair dheifinideach an chéid bhliain atá le fail sa leabhrán ac mar a deir teideal amháin des na h-altanna "cuimhni cinn" pearsanta iad. Bainig' taitneamh as.

Agus ag labhairt ar stair dbom is mian liom mo mhór – bhuiochas 6 chroi a ghabhhil le Seán G Súilleabháin ón gCumann Stair a bhí ann i gcónaí le h-idir chomhairle is cabhairle is cabhair nuair ba ghá.

Slán le Béal Átha 'n Ghaorthaidh

Is le sean – choláiste na Mumhan

Cuimhinímís ar na laetheanta geala ann

Is dearmadaimis na laetheanta dubha.

## SMAOINTE

Thoir ag íor na spéire  
Phléasc grian an Fhómhair  
Amach ar fhaichi 'na nGaortha  
Is caitheadh gath gréine tríd an spéir.

Ghealaigh an spéir,  
Dhúisigh an saol  
Is shín a ghéaga  
Bhi lá eile beo.

Eist le ceol na n-éan  
Féach ar áilleacht na tíre.  
Abair cad é do mheas!  
Is beidh agat bua.

Saoirse sin bua,  
Daoirse sé an trua,  
Áit go mbíonn saoirse san daoirse  
Ach is saor sinn cé daor.

Fan liomsa  
Táim anseo.  
Cé taoi romham amach  
Bead id dhiaidh a dúirt Éabha.

Sheas sé ar imeall an domhain  
Is d'fhéach amach sa spás  
'Léimfead' ar sé  
is bead ansin -i-m-ithe.  
\*

Aineolas a dhuine  
Nach breá.  
Eolas a dhuine  
Nach crá.  
Ní fios dar ndóigh  
Cá bhfiopson bhfear feasa.

Seachain  
Fan uaim  
Imigh  
Ná tar im ghar  
Bainfead stráice asat — sin buille.

Mearbhall orainn,  
Dul timpeall dul timpeall  
Ar rothaí an tsorcais.  
Ach is sorcas an saol seo --  
Casann an domhan,  
Is bíonn mearbhall orainn uile  
Dul timpeall, dul timpeall.

Nach breá í an óige,  
Giodam is teasnach na hóige.  
Meidhir ar uile chroí  
Is toghchaí gan chrá ag síneadh romhainn.

Daoine a  
fhreastal ar an  
gcéad chursa  
1904

*Ar chúl:*  
Aodh Ó Tuama,  
Liam de Róislé,  
Seán Ó Coill,  
Cormac Ó Cadhla

*Tosach:*  
Máire Ní Choill,  
An Fear Mór, R.  
Ó Maolchacha,  
Eilín Ní Chroínín,  
Treasa Bn. Uí  
Shúilleabháin



Tógadh an griangraf i 1954



An Coláiste Nuadh 1914